Sabháilteachta Bia
ÚDARÁS NA HÉIREANN

# Tuarascáil Bhliantúil 2015



www.fsai.ie

## Ár Misean

Is é ár misean sláinte tomhaltóirí agus leasanna tomhaltóirí a chosaint trína chinntiú go gcomhlíonann an bia a itear, a dháiltear, a ndéantar margaíocht air nó a tháirgtear sa Stát na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia.

## Don Aire Sláinte

Tá áthas ar an mBord a shéú tuarascáil bhliantúil déag agus a chuntais don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch an 31 Nollaig 2015, de réir Alt 25 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 a chur i láthair an Aire.

**An tOllamh Michael Gibney**
Cathaoirleach

**An Dr Pamela Byrne**
Príomhfheidhmeannach

36 D'FHOILSIGH AN tÚDARÁS 36 RABHADH MAIDIR LE hAILLÉIRGINÍ BIA IN 2015, MÉADÚ DEICH gCINN I gCOMPARÁID LE 2014.

LÉIGH TUILLEADH AR **LCH. 18**

11,832 DHÉILEÁIL COMHAIRLEOIRÍ OILTE AR AN LÍNE CHOMHAIRLE, ARNA TACÚ AG SAINFHOIREANN, LE 11,832 FIOSRÚ IN 2015, MEÁNIOMLÁN MÍOSÚIL 986.

LÉIGH TUILLEADH AR **LCH. 25**

33 TÁ CONARTHAÍ SEIRBHÍSE AG AN ÚDARÁS LE 33 GNÍOMHAIREACHT OIFIGIÚIL.

LÉIGH TUILLEADH AR **LCH. P6**

113 RINNE AN tÚDARÁS 113 MEASÚNÚ RIOSCA IN 2015. BHAIN SIAD SIN LEIS NA RÉIMSÍ: SÁBHÁILTEACHT MHICRIBHITHEOLAÍOCHTA, FUÍLL TRÉIDLIACHTA, FUÍLL LOTNAIDICÍDÍ, SÁBHÁILTEACHT CHEIMICEACH AGUS COTHÚ NA SLÁINTE POIBLÍ.

LÉIGH TUILLEADH AR **LCH. 18**

Arna foilsiú ag:

**Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann**
Cúirt na Mainistreach
Sráid na Mainistreach Íochtarach
Baile Átha Cliath 1
DO1 W2H4

Teileafón: +353 1 817 1300
Ríomhphost: info@fsai.ie
Suíomh gréasáin: www.fsai.ie

© FSAI
2016

ISBN: 978-1-910348-07-9

5

IN 2015, TUAIRISCÍODH BIA MAR AN gCÚIS AMHRASTA LE CÚIG RÁIG GAISTREINTRÍTEISE

LÉIGH TUILLEADH AR **LCH. 18**

92%

RINNE FEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE CIGIREACHT AR 92% DE GHNÓLACHTAÍ BIA CLÁRAITHE

LÉIGH TUILLEADH AR **LCH. 8**

49,000

BHÍ GNÓLACHTAÍ BIA FAOI MHAOIRSEACHT NA nGNÍOMHAIREACHTAÍ OIFIGIÚLA FAOIN gCONRADH SEIRBHÍSE LEIS AN ÚDARÁS IN 2015.

LÉIGH TUILLEADH AR **LCH. 8**



Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar: **www.fsai.ie**

# Clár Ábhar

## An Bhliain faoi Athbhreithniú


Ráiteas an Chathaoirligh 2

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 4

**Athbhreithniú Rialála 6**

**Bainistiú Teagmhas 16**

**Eolaíocht agus Comhairle Eolaíoch don Rialtas 20**

**Cumarsáid agus Faisnéis 24**

**Bainistíocht Chorparáideach 30**


## Ár Rialachas


Conarthaí Seirbhíse agus Meabhrán Tuisceana 34

Struchtúr Bainistíochta 35

Na Comhaltaí Boird 2015 36

Comhaltaí den Choiste Eolaíoch 38

Comhaltaí na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia 40

Comhaltaí na bhFóram Tionscail 41

Ráiteas faoi Leasanna Chomhaltaí an Bhoird/An Phríomhfheidhmeannaigh 42

Ráiteas faoi Leasanna Chomhaltaí an Choiste Eolaíoch 43


## Ráitis Airgeadais


Innéacs a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 44

# Ráiteas an Chathaoirligh

DÉANTAR BREAC-CHUNTAS SA TUARASCÁIL BHLIANTÚIL SEO AR CHLÁR OIBRE FAIRSING AN ÚDARÁIS IN 2015. LÉIRÍTEAR INTI AN RÓL SUNTASACH ATÁ AG AN ÚDARÁS MAIDIR LEIS NA CAIGHDEÁIN IS AIRDE I SOLÁTHAR BIA A SPREAGADH AG BAINT ÚSÁID AS MEASCÁN GÉIRE INTINNE BUNAITHE AR EOLAÍOCHT AGUS CUMHACHTAÍ RIALÁLA CHUN SLÁINTE AGUS LEASANNA TOMHALTÓIRÍ I dTACA LE BIA A CHOSAINT.

Táim bródúil a thuairisciú gur sheachaid an tÚdarás a raon leathan cuspóirí agus spriocanna arna leagan amach ina Ráiteas Straitéise (2012-2015). Ós rud é go bhfuil sé comhsheasmhach lenár misean uileghabhálach gach beart réasúnta a dhéanamh lena chinntiú go gcomhlíonann an bia a itear, a tháirgtear, a dháiltear nó a chuirtear ar an margadh sa Stát na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia; tugaimid tús áite do na réimse sin a bhféadfadh an éifeacht is mó a bheith againn orthu. Áirítear air sin a chinntiú go gcloíonn an tionscal lena oibleagáidí dlíthiúla maidir le bia sábháilte a tháirgeadh, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar na réimsí sin ina bhfuil an riosca is mó do shábháilteacht bhia sa bhiashlabhra.

An rud a chuireann bonn taca faoinár ngníomhaíocht ar fad is ea ár gcroí-bhéim ar rialáil éifeachtach, rud a bhfuil tionchar láidir ag an eolas eolaíoch is déanaí atá ar fáil air trínár bhfoireann saineolaithe féin, ár gCoiste Eolaíoch agus ár rannpháirtíocht ar fhóraim eolaíocha ar leibhéal AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta. Ar deireadh, beidh na cinntí is eolasaí agus forbairt beartas a rachaidh chun sochair na sláinte poiblí mar thoradh air sin.


Tá ár ról cuimsitheach agus monatóireacht agus idirghabháil á ndéanamh againn ar fud an bhiashlabra ó gheata na feirme go dtí an tábla. Baineann sé sin le monatóireacht a dhéanamh i gcomhair éilleáin cheimiceacha agus micribhitheolaíochta; measúnuithe riosca a dhéanamh ar ghuaiseacha bia; cigireacht a dhéanamh ar an earnáil seirbhísí bia agus teagmhais bhia a bhainistiú a bhaineann le ceisteanna a tharla anseo nó go deimhin a tháinig as tíortha AE eile. Chun é sin ar fad a dhéanamh teastaíonn líonra láidir saineolaithe i ngnéithe éagsúla um eolaíocht agus um chigireacht bhia. Déanaimid ár maoirseacht ar an mbiashlabhra trínár bhfoireann a bheith ag oibriú i gcur chuige comhpháirtíochta a cuireadh ar bhonn foirmiúil trí chonarthaí seirbhíse le thart ar 33 gníomhaireachtaí aonair Stáit in Éirinn. Buntáiste suntasach is ea tacaíocht, comhoibriú agus díograis na foirne a oibríonn faoin gconradh seirbhíse leis an Údarás maidir le rialú éifeachtach bia a sheachadadh, an tsláinte phoiblí agus leasanna i dtaca le bia a chosaint.

Le linn 2015, bhí méadú suntasach ar líon na bhfoláireamh bia náisiúnta arna láimhseáil ag an Údarás. Déantar na foláirimh sin nuair a bhíonn aistarraingt nó athghairm earra bia ón margadh mar thoradh ar theagmhas bia. Eisíodh thart ar 67 foláireamh (44:2014) chun teagmhas agus an gníomh a theastaigh a chur in iúl do thomhaltóirí, miondíoltóirí, dáileoirí agus cigirí bia. Tá fás na bhfoláireamh um ailléirginí bia ina threocht suntasach, sa chás go sainaithnítear ailléirgin neamhdhearbhaithe i dtáirge agus go gcaithfear an táirge sin a aistarraingt nó a athghairm.

Rud suntasach in 2015, ná gur lean an tÚdarás dá ról straitéiseach um fhéachaint leis an teagmhas *campalabaictéir* in éineoil a rialú. Ag oibriú i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus geallsealbhóirí an tionscail, rinneadh measúnú ar mholtaí Choiste Eolaíoch an Údaráis agus tá forbairt clár náisiúnta deonach um rialú faoi lánseol. Lena chois sin, bhí plé ar leibhéal AE ar siúl chun cur chuige comhchuibhithe a thabhairt isteach chun teorainneacha micribhitheolaíochta a shocrú do *champalabaictéir*. Beidh na tionscnaimh sin, nuair a bheidh siad curtha i gcrích go hiomlán, ina dtairbhe shuntasach don tsláinte phoiblí agus do theagmhas na dteagmhas nimhithe bia le *campalabaictéar*.

Is é ár gcuspóir deiridh leanúint le cultúr sábháilteacht bhia in Éirinn a fhorbairt trí oibriú leo siúd ar féidir leo feabhas a chur go díreach ar shábháilteacht bhia - na déantóirí, na próiseálaithe, na miondíoltóirí, na lónadóirí, chomh maith leis na gníomhaireachtaí Stáit. Bhí leibhéal suntasach de rannpháirtíocht geallsealbhóirí ann le linn na bliana sa chás gur sholáthair an tÚdarás comhairle, seimineáir agus foilseacháin chun tacú leo siúd san earnáil bhia le leanúint lena gcaighdeáin a ardú.

Déanann an tÚdarás earnáil fhuinniúil a rialú agus a mhaoirsiú. Déantar tomhaltóirí a chosaint le córas láidir rialála do bhia ar deireadh, ach tá sé tábhachtach d'Éirinn chomh maith sa chás gurb í an earnáil agraibhia an tionscal dúchasach is tábhachtaí, ina gcuirtear 150,000 post ar fáil. Tá tionscal agraibhia na hÉireann ar chonair fáis shuntasach agus tá sé tuartha go ndéanfar táirgí dar luach thart ar €19 billiún a easpórtáil faoi 2025. Tá spriocanna suntasacha fáis leagtha síos i 'Food Wise' 2025 na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus gríosaítear ann an fás seo a sheachadadh trí easpórtálacha déiríochta, mairteola, bia mara agus bia agus deochanna tomhaltóirí. Tá córas neamhspleách, láidir um chigireacht sábháilteacht bhia a bhfuil meas agus urraim air ina acmhainn thábhachtach do spleáchas eacnamaíoch ár dtíre ar a hearnáil bhia.




Táim bródúil a rá go bhfuil cáil an Údaráis an-mhór agus is amhlaidh mar atá i ngeall ar a fhoireann oilte a bhfuil taithí acu agus atá tiomanta dá ról cosantóireachta. Tá foireann na ngníomhaireachtaí a oibríonn faoi chonradh seirbhís leis an Údarás ríthábhachtach maidir lenár sprioc bia sábháilte do thomhaltóirí a chinntiú anois agus sa todhchaí. Gabhann buíochas leo agus molaim iad as a ndúthracht, a dtiomantas agus a ndíograis leanúnach dá ról mar chuid den chigireacht náisiúnta um shábháilteacht bhia.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte, Leo Varadkar T.D. agus leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney T.D agus le foireann na Ranna faoi seach a bhí réamhghníomhach agus a thug tacaíocht don Údarás ina chuid iarrachtaí agus gníomhartha le linn 2015.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le mo chomhchomhaltaí Boird as an méid iontach a chuir siad leis an treo straitéiseach agus le hobair an Údaráis. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mórán saineolaithe eolaíocha a ghlac páirt inár struchtúr comhairleach eolaíoch. Tá rochtain againn ar chuid de na saineolaithe eolaíocha i fearr ina sainréimsí éagsúla in Éirinn. Tá an tÚdarás an-bhuíoch as an am agus an iarracht a thugann na heolaithe seo dúinn ar bhonn deonach.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, an tOllamh Alan Reilly, a d'éirigh as i dtús 2015 agus fáilte a chur roimhe ár bPríomhfheidhmeannach úr, an Dr Pamela Byrne a thosaigh linn in 2015. Táim ag tnúth le leanúint le tacaíocht a thabhairt don Dr Byrne agus dá foireann bainistíochta ina bhfócas ar a chinntiú go ndéantar bia sábháilte a sheachadadh do gach duine lenár rialú bia.



**An tOllamh Michael Gibney**
Cathaoirleach



# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

TÁ AN-ÁTHAS ORM TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS 2015 D'ÚDARÁS SÁBHÁILTEACHTA BIA NA HÉIREANN A CHUR I LÁTHAIR. CUMHDAÍTEAR MO CHÉAD BHLIAIN MAR PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH AN ÚDARÁIS SA TUARASCÁIL SEO AGUS BA MHAITH LIOM BUÍOCHAS A GHABHÁIL LE M'FHOIREANN AS FÁILTE A CHUR ROMHAM AGUS AS TACAÍOCHT A CHUR AR FÁIL DOM LENÁR dTIOMANTAS DO THOMHALTÓIRÍ A CHOSAINT AGUS BIA MARA SÁBHÁILTE A CHINNTIÚ DO GACH DUINE.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis an Ollamh Alan Reilly as a thacaíocht le linn na tréimhse aistrithe ina iarrachtaí amach anseo. Is onóir agus pribhléid dom é ceannas a ghlacadh ar eagraíocht den scoth – eagraíocht atá i bhfeidhm ar feadh 17 mbliana. Tá tiomantas agus gairmiúlacht na foirne inmholta agus táim ag súil le bheith ag obair leo sna blianta amach romhainn.

Feidhmíonn an tÚdarás príomhfheidhm maidir le comhordú agus cur i bhfeidhm na reachtaíochta faoi bhia chun a mhisean a chomhlíonadh maidir le sláinte tomhaltóirí agus leasanna tomhaltóirí a chosaint trína chinntiú go gcomhlíonann an bia a itear, a tháirgtear, a dháiltear agus a chuirtear ar an margadh sa Stát na caighdeáin is airde um shábháilteacht bhia agus is féidir a bhaint amach agus go bhfuil faisnéis chruinn agus fhiúntach ag daoine faoin gcineál bia a itheann siad. Comhlíonann an tÚdarás a mhisean i gcomhar le páirtithe eile – Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara; seirbhís tréidliachta na n-údarás áitiúla chomh maith le Foras na Mara agus an Cumann um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann – tá conarthaí seirbhíse acu seo go léir leis an Údarás. Lena chois sin, comhoibrímid le heagraíochtaí eile chun cur chuige níos ceangailte a éascú maidir le forfheidhmiú na reachtaíochta faoi bhia agus measúnú agus bainistíocht rioscaí.

In 2015, shíníomar meabhrán tuisceana úr leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ina ndéantar breac-chuntas ar na príomhréimsí comhleasa a bhfuil sé comhaontaithe againn dul i ngleic leo. Gan comhpháirtíochtaí dá leithéid i bhfeidhm, ní bheadh sé ar chumas an Údaráis iad siúd a itheann bia a tháirgtear, a dhéantar, a phróiseáiltear nó a dháiltear in Éirinn a chosaint.

Leis ár ndlúth-chomhpháirtíochtaí leo siúd níos faide i gcéin amhail Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia; an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia; agus contrapháirtithe eile san Eoraip agus ar fud an domhain is féidir linn faisnéis thráthúil, chruinn agus láidir a chuidíonn linn inár ról a rochtain. Bhí agus beidh comhpháirtíochtaí láidre ina bpríomhchuid dár straitéis amach sa todhchaí de réir mar a leanann an tírdhreach rialála ag fabhrú, de réir mar a leanann an tionscal agraibhia ag méadú agus de réir mar a éiríonn an biashlabhra domhanda níos casta.

Le tacú linn inár gcuid oibre braithimid ar ár rannpháirtíocht leis an tionscal bia - ó na cuideachtaí móra ilnáisiúnta, go dtí na táirgeoirí bia ceardaí, agus na cuideachtaí bia beaga go meánmhéide, miondíoltóirí agus oibreoirí seirbhísí bia. Éascaíonn fóram ár gComhairle Comhairle um Shábháilteacht Bhia agus fóraim tionscail cumarsáid dhíreach leis na príomh-gheallsealbhóirí agus soláthraíonn siad sásra trína bhfuil rochtain ag gach imreoir laistigh den earnáil bhia ar na huirlisí a theastaíonn uathu le cloí leis an dlí. Tá na fóraim sin, mar aon lenár suíomh gréasáin agus rannpháirtíocht ghníomhach le gnólachtaí bia trí sheimineáir agus trí thaispeántais, ríthábhachtach maidir le cultúr um chomhlíonadh a fhorbairt laistigh den tionscal agus rochtain a sholáthar ar líonraí tábhachtacha agus rioscaí sábháilteachta bia á mbainistiú againn. Tá monatóireacht agus nuashonrú á ndéanamh againn ar bhonn leanúnach ar shuíomh gréasáin an Údaráis chun an fhaisnéis is ábhartha, is tráthúla agus is cruinne a thacaíonn lenár ngníomhaíochtaí a sholáthar. Idirghníomhaímid le tomhaltóirí ar bhonn rialta trínár Líne Chomhairle – is iad tomhaltóirí ár súile ar an talamh – agus cinntímid go bhfreagraímid ar a mbuarthaí ar aon dul lenár gcairt custaiméirí.

In 2015, lean an tÚdarás le reachtaíocht a fhorfheidhmiú trí chonarthaí seirbhíse reatha leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, leis an bForas Mara agus le hÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Rinneamar ár gconradh seirbhíse le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a athnuachan. Shíneamar ár gconarthaí seirbhíse leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus le seirbhís tréidliachta na n-údarás áitiúil chomh maith. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na gníomhaireachtaí oifigiúla sin atá ag obair le hacmhainní teoranta i ndiaidh an chúlaithe agus in ainneoin sin, tá tiomantais shoiléire leagtha amach acu chun tomhaltóirí bia Éireannaigh sa bhaile agus thar lear a chosaint. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na gníomhaireachtaí oifigiúla agus na saotharlanna sin as a dtiomantas leanúnach do na conarthaí seirbhíse sin agus as oibriú linn agus an reachtaíocht á forfheidhmiú againn. Mar go bhfuil na conarthaí seirbhíse sin i bhfeidhm táimid

"Leis ár ndlúth-chomhpháirtíochtaí leo siúd níos faide i gcéin amhail Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia; an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia; agus contrapháirtithe eile san Eoraip agus ar fud an domhain is féidir linn faisnéis thráthúil, chruinn agus láidir a chuidíonn linn inár ról a rochtain."

ábalta monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh i go díreach os cionn 49,000 gnólacht bia cláraithe in Éirinn.

Tá iniúchtaí ina bhfeidhm lárnach agus ríthábhachtach de chuid an Údaráis agus mar chuid den obair seo, déanaimid iniúchadh ar na gníomhaireachtaí oifigiúla agus ar na gnólachtaí bia. Mar an údarás inniúla lárnach, tá an ról is oiriúnaí againn chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht chlár na rialuithe oifigiúla agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta. Tugaimid gealltanais don Choimisiún Eorpach go bhfuil ár jab á dhéanamh againn agus níos tábhachtaí arís, tugaimid gealltanais do thomhaltóirí go bhfuil léargas againn ar rioscaí ar bith inár gcóras. Rud is díol suntais le linn 2015, ba ea foilsiú na tuarascála iniúchóireachta ar fhuarstórais inar tugadh chun suntais roinnt saincheisteanna: Tá áthas orm a rá go bhfuiltear ag dul i ngleic leo sin san earnáil trí fhorbairt cód cleachtais a fhoilseofar in 2016.

Baineann cuid mhór dár ngníomhaíochtaí le bainistíocht a dhéanamh ar theagmhais bhia agus in 2015, bhí 485 teagmhas ann a chumhdaigh iolracht guaiseacha ó ailléirginí, go guaiseacha bitheolaíocha, go teagmhais a bhain le calaois bhia. Chun na teagmhais sin a bhainistiú ní mór don Údarás oibriú i gcomhar le cigirí bia laistigh de na gníomhaireachtaí oifigiúla agus le comhoibriú an tionscail cinntítear go bhfaightear réidh go tapa le táirgí éillithe ón margadh nó óna bpróiseáil tuilleadh. Baineann sé sin go minic le hoibriú le gníomhaireachtaí sábháilteachta bia ar fud an domhain.


Tá monatóireacht á déanamh ar bhonn leanúnach againn ar bhia i gcomhair éilleáin cheimiceacha agus bhitheolaíocha, agus déanaimid imscrúdú chomh maith ar shláine agus ar fhíordheimhneacht táirgí bia. Leis na gníomhaíochtaí sin cuirtear tuilleadh fianaise ar fáil dúinn chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí féideartha ar shláinte tomhaltóirí agus chun a chinntiú go bhfaighimid réidh leis na rioscaí sin nó go ndéanaimid iad a bhainistiú. In 2015, rinneamar monatóireacht agus measúnú ar an mbiashlabhra in Éirinn le haghaidh bianna ionradaithe, OGManna, dé-ocsainí, chomh maith le lear mór éilleán eile. Tá an saineolas atá ar fáil i saotharlanna an anailísí phoiblí, sna saotharlanna oifigiúla micribhitheolaíochta bia agus seirbhísí saotharlainne Stáit eile ríthábhachtach maidir le tuiscint a chur ar fáil don Údarás ar cad atá inár mbiashlabhra a d'fhéadfadh bheith ina riosca do thomhaltóirí. Lena dtiomantas leanúnach don chlár bliantúil monatóireachta, chomh maith lena n-obair de réir cáis ar theagmhais bhia déantar tomhaltóirí a chosaint, agus is díol suntais a gcion le modhanna úra chun anailís a dhéanamh ar shamplaí bia a nuáil agus a fhorbairt. Tá na saotharlanna ag leanúint leis an obair seo in ainneoin acmhainní teoranta, agus ní mór aghaidh a thabhairt air sin lena chinntiú go mbeimid ábalta pobal na hÉireann a chosaint ó éilleáin sa bhiashlabhra.

Tá an eolaíocht lárnach dár gcinntí. Le linn 2015, cuireadh deireadh le téarma cúig bliana ár gCoiste Eolaíoch agus ceapfar coiste úr in 2016. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gcoiste atá ag éirí as a gcuid oibre sna réimsí um shábháilteacht bhitheolaíoch, sábháilteacht cheimiceach agus cothú na sláinte poiblí agus táim ag tnúth le hoibriú leis an gcoiste úr sna blianta amach romhainn. Tá tuarascálacha an Choiste Eolaíoch ina n-acmhainn luachmhar don Údarás agus cuireann siad fianaise thráthúil agus láidir ar fáil chun bonn a chur faoi chinntí. Chomh maith leis sin, cuireann saineolas inmheánach eolaíoch agus teicniúil an Údaráis bonn taca faoinár gcinntí go léir atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch láidir. Rud eile tábhachtach a chuireann leis an mbonn eolais laistigh den Údarás is ea iad sonraí a ghabhaimid le linn ár ngníomhaíochtaí laethúla, ó na tacair shonraí a dtéimid isteach iontu; agus na bunachair shonraí atá forbartha againn go hinmheánach. Cinntítear leo sin ar fad gur féidir linn an méid a thomhaisim a aistriú go faisnéis agus eolas a chuidíonn linn lenár gcuid oibre a dhéanamh ar mhodh níos fearr.

Le linn 2015, chuireamar tús chomh maith leis an bpróiseas um straitéis úr an Údaráis a fhorbairt. Chun bonn eolais a chur ar fáil dár dtreo straitéiseach amach anseo, chuaigh mé i gcomhairle go hinmheánach le m'fhoireann agus ar bhonn níos leithne le príomh-gheallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne. Bhí bonn fianaise an-saibhir agus eolasach mar thoradh air sin, rud a chuirfidh bonn taca faoinár gcinntí de réir mar a thagann dúshláin úra chun cinn agus de réir mar a fhabhraíonn an comhshaol. Foilseofar ár straitéis úr le linn 2016 agus cinnteofar léi gur féidir leis an Údarás leanúint dá shainordú dlíthiúil féin a sheachadadh amach sa todhchaí. Beidh daoine agus comhpháirtíochtaí tábhachtach dár straitéis agus táim ag súil le bheith ag obair go comhoibríoch laistigh den phobal um shábháilteacht bhia chun bia sábháilte agus iontaofa a chur ar fáil do gach duine.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn Sláinte as a tacaíocht leanúnach don Údarás agus go háirithe, as cead a thabhairt chun baill foirne a earcú chun folúntais atá tagtha chun cinn le roinnt blianta anuas a líonadh.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Michael Gibney, Cathaoirleach an Bhoird agus leis na comhaltaí Boird as a dtacaíocht agus a dtreoir ó thosaigh mé sa ról i Márta. Táim ag súil le bheith ag obair go dlúth lena chéile agus ár straitéis úr á cur i bhfeidhm againn thar na trí bliana atá le teacht.



**An Dr Pamela A. Byrne**
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



# Athbhreithniú Rialála

TÁ AN tÚDARÁS FREAGRACH AS AN REACHTAÍOCHT AR FAD AR BHIA IN ÉIRINN A CHUR I bhFEIDHM AGUS A FHORFHEIDHMIÚ. COMHLÍONANN SÉ AN FHEIDHM FHORFHEIDHMIÚCHÁIN SEO TRÍ CHONARTHAÍ SEIRBHÍSE LE 33 GNÍOMHAIREACHT OIFIGIÚIL DÁ gCUIRTEAR AN BONN REACHTÚIL AR FÁIL LEIS AN ACHT UM ÚDARÁS SÁBHÁILTEACHTA BIA NA HÉIREANN, 1998.





Ba iad seo a leanas na gníomhaireachtaí oifigiúla a bhí ag obair faoin gcomhaontú conarthaí seirbhíse seo in 2015: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara; 28 údarás áitiúil; an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann; agus Foras na Mara. Is é ról an Údaráis comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí oifigiúla sin, trí na conarthaí seirbhíse, ina leagtar síos leibhéal agus caighdeán comhaontaithe maidir leis an obair a dhéanann na gníomhaireachtaí oifigiúla maidir le gníomhaíocht sábháilteachta bia. Maireann na conarthaí seirbhíse sin ar feadh trí bliana ach is féidir athbhreithniú a dhéanamh orthu ar iarratas an Údaráis nó na gníomhaireachta oifigiúla i rith an ama sin. Tionóladh cruinnithe rialta leis an lucht bainistíochta sinsearaí i ngach gníomhaireacht agus leis na bainisteoirí líne atá freagrach as iniúchadh agus anailís a dhéanamh.

Bhí athchaibidlíocht ar na conarthaí seirbhíse ina mórghníomhaíocht in 2015, toisc go raibh na conarthaí seirbhíse leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, údaráis áitiúla agus an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann ar fad ar tí dul in éag ag deireadh 2015. Rinne an tÚdarás conarthaí úra a chaibidliú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Beidh an conradh úr le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2018; cuireadh mí amháin leis an gconradh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tabhairt chun críche na caibidlíochta in Eanáir 2016 a éascú. Síneadh na conarthaí seirbhíse leis na 28 údarás áitiúil agus leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann ar feadh sé mhí go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2016. Pléadh an fhorbairt níos leithne maidir le soláthar comhroinnte seirbhísí tréidliachta laistigh de na húdaráis áitiúla le linn na bliana i ngrúpa idirghníomhaireachta a bhunaigh Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach.

Forbraíodh agus eisíodh clár bliantúil um chruinnithe teagmhála conartha seirbhíse le gníomhaireachtaí oifigiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an chonartha seirbhíse, sonraí na gcruinnithe a thaifeadadh, pointí gnímh agus torthaí a rianú agus a chur chun cinn. In 2015, shínigh an tÚdarás meabhrán tuisceana leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar a ndéantar monatóireacht trí chruinnithe an lucht bainistíochta sinsearaí idir na húdaráis. Comhaontaíodh clár oibre bliantúil mionsonraithe um chonarthaí seirbhíse le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le forfheidhmiú na reachtaíochta um neamhshláinteachas sa chonradh seirbhíse. Tá monatóireacht á déanamh fós ar a chur chun feidhme.

Is é an tÚdarás a chuireann an maoiniú ar fáil go díreach maidir le gníomhaíochtaí conarthaí seirbhíse na n-údarás áitiúil, nuair a chuirtear isteach éilimh bhailí laistigh de shrianta buiséid. Le linn 2015, rinneadh ceithre iniúchadh ar údaráis áitiúla, chun fíorúchán na n-éileamh a cuireadh isteach a neartú. Baintear leas as moltaí ó iniúchtaí aonair chun comhairle a thabhairt d'údaráis áitiúla eile maidir le dea-chleachtais agus rialuithe airgeadais feabhsaithe a chuirfear i bhfeidhm.


Leanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de sheirbhísí anailíseacha saotharlann ceimiceach agus micribhitheolaíochta a sholáthar faoi théarmaí an chonartha seirbhíse. Cuireann trí shaotharlann anailísí phoiblí agus sé shaotharlann mhicribhitheolaíochta an tseirbhís seo ar fáil. In 2015 d'fhorbair an tÚdarás prótacal d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte lena chur ar a cumas suirbhé a dhéanamh ar shábháilteacht cnónna, síolta agus torthaí triomaithe. Chuir an tÚdarás ionchur eolaíoch ar fáil chomh maith maidir le pleananna samplála na ngníomhaireachtaí oifigiúla.

Thug an tÚdarás saintacaíocht don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le linn plé agus caibidlíochta maidir le reachtaíocht agus bearta bia sa Choimisiún Eorpach agus sa Chomhairle Eorpach. Bhí béim faoi leith in 2015 ar fhorbairt rialacháin úir sa Chomhairle Eorpach maidir le rialuithe oifigiúla, arna mholadh ag an gCoimisiún in 2013, agus táthar ag súil lena thabhairt chun críche in 2016.

Bhí an tÚdarás ina chathaoirleach ar cheithre chruinniú de chuid grúpa oibre trasghníomhaireachta ar Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí. Is é cuspóir an ghrúpa oibre seo tacaíocht a thabhairt do chur chuige comhordaithe maidir le comhsheasmhacht a bhaint amach i léiriú agus forfheidhmiú an Rialacháin maidir le Faisnéis Bhia a Sholáthar do Thomhaltóirí ar fud an bhiashlabhra ar fad. Tháinig an Rialachán i bhfeidhm i mí na Nollag 2014, mar sin ba é 2015 a chéad bhliain i bhfeidhm.

D'oibrigh an tÚdarás leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, leis an bhForas Mara agus le Bord Iascaigh Mhara chun sraith Imeachtaí Réigiúnacha um Fhaisnéis ar Shábháilteacht Sliogiasc a tháirgeadh. D'fhreastail os cionn 170 duine ar na himeachtaí ag cúig ionad réigiúnacha, a bhí ar oscailt do tháirgeoirí, iascairí, próiseálaithe, baill foirne na ngníomhaireachtaí oifigiúla agus páirtithe leasmhara eile. Áiríodh ar an ábhair a cumhdaíodh bainistíocht riosca, freagairt ar theagmhais, athaicmiú limistéir táirgthe sliogiasc, víris, íonú sliogiasc, bitocsainí agus inrianaitheacht.

Mar a chéile le Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh, tá Plean Rialúcháin Náisiúnta ag Éirinn ar ceanglas é maidir le rialacháin Eorpacha um rialuithe oifigiúla bia. Cumhdaítear sábháilteacht bhia, sláinte agus leas ainmhithe, beatha ainmhithe agus sláinte plandaí leis sin. Tá an tÚdarás freagrach as na codanna den phlean a bhaineann le bia i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, atá freagrach as na codanna den phlean nach mbaineann le bia. Cuireadh tuarascálacha bliantúla maidir le hoibriú an phlean do 2013 agus 2014 isteach chuig an gCoimisiún Eorpach.




**Faisnéis faoi Ailléirginí le haghaidh Bia nach bhfuil Réamhphacáilte**

Ón 13 Nollaig 2014, tá an ceanglas maidir le hailléirginí bia ar bhia réamhphacáilte a dhearbhú sínte le dlí an AE chun bia nach bhfuil réamhphacáilte a chur san áireamh. Sa bhileog seo mínítear na ceanglais dhlíthiúla agus moltar bealaí féideartha inar féidir le gnólachtaí bia cloí leis an reachtaíocht náisiúnta.

*Tá an foilseachán seo ar fáil lena íoslódáil ag:* ***http://www.fsai.ie/publications/allergen_non_prepacked/***

## CIGIREACHT AR GHNÓLACHTAÍ BIA

In 2015, rinneadh cigireacht ar go díreach os cionn 49,000 gnólacht bia faoi mhaoirseacht na ngníomhaireachtaí oifigiúla faoin gconradh seirbhíse leis an Údarás. Is ionann é sin agus méadú beag (1.6%) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. As na gnólachtaí bia cláraithe ar a ndearnadh cigireacht, rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cigireacht ar thart ar 92% díobh; rinne an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara cigireacht ar 5% díobh; rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara cigireacht ar 2% díobh agus rinne na húdaráis áitiúla cigireacht ar 1% díobh. Bhí dáileadh na ngnólachtaí bia arna n-iniúchadh ag na gníomhaireachtaí oifigiúla mar a chéile le cúig bliana anuas. Cuireann na gnólachtaí bia sin raon leathan gníomhaíochtaí i gcrích, ó oibríochtaí iompair agus déantúsaíochta, go dtí oibríochtaí dáilte, miondíola agus lónadóireachta.

**Líon agus Cineál na nGnólachtaí Bia a bhí faoi mhaoirseacht na Gníomhaireachtaí Oifigiúla, 2011 – 2015**

| Gníomhaireacht Oifigiúil | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara** | | | | | |
| Próiseálaithe Feola | 154 | 153 | 154 | 152 | 154 |
| Próiseálaithe Uibheacha agus Éineola | 376 | 354 | 369 | 399 | 399 |
| Próiseálaithe Bainne | 233 | 240 | 231 | 242 | 261 |
| | **763** | **747** | **754** | **793** | **814** |
| **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*** | | | | | |
| Táirgeoirí Tosaigh | 23 | 21 | – | – | – |
| Déantóirí agus Pacálaithe | 2,253 | 2,534 | 2,956 | 3,139 | 3,218 |
| Dáileoirí agus Iompróirí | 1,487 | 1,472 | 1,162 | 1,270 | 1,337 |
| Gnólachtaí Seirbhís Bhia | 31,404 | 30,311 | 28,214 | 28,843 | 29,222 |
| Miondíoltóirí | 11,166 | 10,978 | 10,972 | 11,259 | 11,370 |
| Déantóirí a Dhíolann ar Bhonn Miondíola* go Príomha | 724 | 695 | – | – | – |
| Eile | – | – | 115 | – | 39 |
| | **47,057** | **46,011** | **43,419** | **44,511** | **45,186** |
| **An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** | | | | | |
| Foras Faofa | 183 | 189 | 180 | 179 | 195 |
| Árthaí Monarchana agus Reoiteoirí (Faofa – Éireannach) | 23 | 34 | 36 | 45 | 52 |
| Árthaí Iascaireachta | 2,201 | 2,216 | 2,155 | 2,077 | 2,077 |
| Limistéir Táirgthe Moileascach | 131 | 131 | 133 | 137 | 141 |
| Gnólacht Bia Cláraithe ar Talamh (lena n-áirítear gléasraí oighir) | 68 | 93 | 87 | 99 | 110 |
| Fuarstórais | – | – | – | – | 16 |
| | **2,606** | **2,663** | **2,591** | **2,537** | **2,591** |
| **Údaráis Áitiúla** | | | | | |
| Seamlais | 212 | 206 | 202 | 205 | 205 |
| Gléasraí Beaga Déantúsaíochta Feola | 180 | 189 | 180 | 197 | 200 |
| Gléasraí Éanlaithe Chlóis | 41 | 35 | 34 | 34 | 38 |
| Eile | 17 | 26 | 24 | 51 | 55 |
| **Iomlán** | **450** | **456** | **440** | **487** | **498** |
| **Iomlán** | **50,853** | **49,877** | **47,204** | **48,330** | **49,089** |

* In 2013, thug Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte córas úr TF isteach chun forais agus cigireachtaí a chuir feabhas ar thuairisciú a gníomhaíochtaí a thaifeadadh.

– Athaicmiú foras

## BAILL FOIRNE AG OBAIR I RIALÚ OIFIGIÚIL

Tugann na gníomhaireachtaí oifigiúla tuarascáil bhliantúil don Údarás maidir le hacmhainní foirne a thug siad i gcomhair rialuithe oifigiúla, faoi na conarthaí seirbhíse – in 2015, thug 2,211 duine faoi rialuithe oifigiúla. Tá treocht ann ó bhí 2009 de laghdú acmhainní foirne ar rialú bia, de thoradh ar mhoratóir ar earcaíocht na hearnála poiblí; tá dúshláin curtha i láthair leis sin maidir le rialuithe oifigiúla éifeachtacha a chinntiú. Mar sin féin, tháinig méadú 2% in 2015 ar líonta foirne coibhéise lánaimseartha i gcomparáid le 2014.

### Coibhéis Lánaimseartha de réir na Gníomhaireachta Oifigiúla, 2011 – 2015

| Gníomhaireacht | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara[a]** | | | | | |
| Seirbhísí Cigireachta | 353 | 332 | 333 | 315 | 319 |
| Saotharlanna | 87 | 88 | 89 | 76[b] | 84 |
| **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** | | | | | |
| Seirbhísí Sláinte Comhshaoil | 333 | 344 | 307 | 305 | 304 |
| Saotharlanna Micribhitheolaíochta Bia | 74 | 73 | 71 | 64 | 63 |
| Saotharlanna an Anailísí Phoiblí | 68 | 65 | 67 | 64 | 65 |
| **An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** | 45 | 42 | 41 | 40 | 43 |
| **Údaráis Áitiúla[a]** | 72 | 85 | 73 | 87 | 90 |
| **Foras na Mara** | 33 | 28 | 27 | 29 | 38 |
| **An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann[c]** | 0.1 | 0.1 | 1.1 | 1 | 1 |
| **Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann[d]** | 69 | 74 | 71 | 68 | 72 |
| **Iomlán** | **1,134** | **1,131** | **1,081** | **1,049** | **1,079** |

[a] Ní áirítear cigirí sealadacha tréidliachta atá bainteach in iniúchadh feola sna figiúirí sin ach áirítear Comhairle Contae Chorcaí orthu Seirbhís Saotharlann Tréidliachta ó bhí 2012

[b] Ní áirítear leo an tSaotharlann Tréidliachta Lárnach nár chuir sonraí ar fáil do 2014. In 2013, thuairiscigh sí 11.25 ball foirne coibhéise lánaimseartha ag obair ar bhia

[c] Mhéadaigh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann líon na mball foirne a oibríonn i rialuithe sábháilteachta bia, chun rialuithe oifigiúla ar ábhair theagmhála bia a dhéanamh ó 2012 i leith

[d] Ní áirítear baill foirne comhairleachta nó baill foirne ar chonradh gearrthéarmach leis sin



**Treoir Úr do Ghnólachtaí Bia**

**Ní mór go bhfuil an t-eolas ag tomhaltóirí faoin mbia a cheannaíonn siad cruinn agus go gcuirtear síos go fírinneach air.**

**Dá réir sin, d'fhoilsigh an tÚdarás treoir úr do ghnólachtaí bia a bhfuil sé d'aidhm léi a chinntiú nach gcuirtear tomhaltóirí ar mhíthreoir tríd an úsáid a bhaintear as téarmaí margaíochta ar bhianna. Déantar breac-chuntas sa treoir ar na ceanglais dhlíthiúla ghinearálta nach mór do ghnólachtaí bia cloí leo agus téarmaí margaíochta á n-úsáid acu ar bhia.**

**Sa phictiúr ag seimineár Thionscal Bia agus Deochanna na hÉireann maidir le téarmaí margaíochta agus éilimh shláinte tá Wayne Anderson, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, Maree Gallagher, Maree Gallagher Associates; Mary Flynn, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, Thérése Moore, Britvic Ireland agus Mary Hughes, Tionscal Bia agus Deochanna na hÉireann.**

## CIGIREACHTAÍ

Oibríonn na gníomhaireachtaí oifigiúla uile cláir bunaithe ar riosca maidir le rialuithe oifigiúla. Déantar gnólachtaí bia a gcuireann na gníomhaíochtaí a dhéanann siad an riosca féideartha is mó os comhair shláinte an duine a iniúchadh ar dtús. Tá cigireachtaí gan fhógra i ngnólachtaí bia ina bpríomhghné sna rialuithe oifigiúla, mar aon le gníomhaíochtaí eile amhail, sampláil bhia, agus imscrúdú ar theagmhais agus ar ráigeanna. Tá laghdú tagtha le blianta beaga anuas ar líon na gcigireachtaí, agus tá fócas méadaithe á chur ar iniúchtaí níos mine a dhéanamh ar chórais bhainistíochta um shábháilteacht bia i ngnólachtaí níos mó agus ar fhorais ina gcuirtear ardrioscaí os comhair shláinte an phobail.

**Líon na gCigireachtaí a rinne Gníomhaireachtaí Oifigiúla, 2011 – 2015**

| Gníomhaireacht | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | % an Athraithe 2011-2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara** | 16,786 | 15,618 | 13,733 | 15,021 | 15,011 | -11% |
| **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*** | 37,973 | 36,584 | 33,971 | 35,053 | 36,353 | -4% |
| **An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** | 2,330 | 2,386 | 2,114 | 2,035 | 2,015 | -14% |
| **Údaráis Áitiúla** | 5,154 | 4,689 | 5,021 | 4,802 | 5,033 | -2% |

* Cigireachtaí beartaithe amháin

## SAMPLÁIL BHIA

Áirítear sna conarthaí seirbhíse cláir arna ndéanamh ag na gníomhaireachtaí oifigiúla le haghaidh bia a shampláil agus a thástáil do chomhlíonadh gach gné sa reachtaíocht faoi bhia. Déanann líonra saotharlanna tagartha oifigiúla agus náisiúnta arna n-oibriú ag na gníomhaireachtaí anailís ar na samplaí a thógann na cigirí bia. In 2015, rinneadh os cionn 56,000 sampla a shampláil agus a thástáil.

**Líon na Samplaí Bia a rinne Gníomhaireacht Oifigiúla, 2015***

| Gníomhaireacht Samplála | 2015 | % |
|---|---|---|
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara** | 30,333 | 54% |
| **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*** | 13,744 | 24% |
| **An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** | 8,229 | 15% |
| **Údaráis Áitiúla** | 3,107 | 5% |
| **Gníomhaireachtaí eile*** | 968 | 2% |
| **Iomlán** | **56,381** | **100%** |

* Mar a thuairiscigh na saotharlanna oifigiúla

## INIÚCHTAÍ A RINNE AN tÚDARÁS

In 2015, rinne an tÚdarás a chlár iniúchóireachta chun scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht agus oiriúnacht na rialuithe oifigiúla agus ar chomhlíonadh na gceanglas um dhlí faoi bhia ag gnólachtaí bia. Fíoraítear go gcomhlíontar téarmaí agus coinníollacha na gconarthaí seirbhíse agus go gcloíonn na gníomhaireachtaí oifigiúla le forálacha an Phlean Rialacháin Náisiúnta Ilbhliantúil a bhaineann lena ngníomhaíochtaí leis na hiniúchtaí sin chomh maith. Déanann an tÚdarás monatóireacht ar na torthaí ó na hiniúchtaí agus bearta ceartaitheacha gaolmhara ar bith, trí phróiseas monatóireachta na gconarthaí seirbhíse. Tá tuarascálacha maidir le hiniúchtaí an Údaráis foilsithe ar an suíomh gréasáin.

## INIÚCHTAÍ AR RIALUITHE OIFIGIÚLA

In 2015, rinne an tÚdarás iniúchtaí rialuithe oifigiúla sna húdaráis áitiúla, san Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun scrúdú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus oiriúnacht na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na gníomhaireachtaí sin agus tá na tuarascálacha foilsithe ar an suíomh gréasáin.

## INIÚCHTAÍ AR GHNÓLACHTAÍ BIA

Mar chuid d'fheidhm iniúchóireachta an Údaráis, déantar iniúchtaí spriocdhírithe (nó fócasaithe) chun comhlíonadh oibreoirí gnólachtaí bia maidir le gné faoi leith den dlí faoi bhia a dhearbhú. In 2015, rinne an tÚdarás iniúchadh ar fhorais fhaofa a bhaineann leas as fuarstórais tráchtála, chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta faoi bhia. Le linn an iniúchta, roghnaíodh seacht bhforas fhaofa le cuairt a thabhairt orthu bunaithe ar an bhfaisnéis a bailíodh le linn an iniúchta ar fhuarstórais, a rinne an tÚdarás ag deireadh 2014. Soláthraíodh tuarascáil aonair maidir le gach oibríocht gnólacht bia ar a ndearnadh iniúchadh agus cuireadh cóip den tuarascáil sin ar aghaidh chuig an ngníomhaireacht ábhartha lena fhiosrú, nuair ba ghá.

Rinne an tÚdarás iniúchadh spriocdhírithe chomh maith ar ghnólacht bia chun measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar a chóras bainistíochta um shábháilteacht bhia, a phróisis agus a chomhlíonadh maidir leis an dlí faoi bhia roimh iniúchadh ag an Oifig Bia agus Tréidliachta.

## INIÚCHTAÍ A RINNE AN COIMISIÚN EORPACH

Tá an Coimisiún Eorpach freagrach as a chinntiú go bhfuil an reachtaíocht Eorpach maidir le sábháilteacht bhia, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus leas ainmhithe curtha i bhfeidhm agus forfheidhmithe mar is cuí. Mar sheirbhís de chuid an Choimisiúin, tá ról tábhachtach ag an Oifig Bia agus Tréidliachta maidir leis an tasc seo a chomhlíonadh trína hiniúcthaí, trína cigireachtaí agus trína gníomhaíochtaí lena bhaineann. Tá an tÚdarás agus a ghníomhaireachtaí oifigiúla faoi réir measúnuithe rialta ag an gCoimisiún ar a gcuid oibre maidir leis an dlí faoi bhia a fhorfheidhmiú.

Rinne an Oifig Tréidliachta agus Bia dhá mhisean in Éirinn maidir le monatóireacht a dhéanamh ar na rialuithe oifigiúla. Bhain na misin sin le bainne agus táirgí bainne agus próiseáil ardbhrú. Rinneadh tuarascálacha ó gach misean, in éineacht leis an bhfreagairt oifigiúil ón Údarás agus ó na gníomhaireachtaí oifigiúla, a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Foilsíodh tuarascáil ar mhisean 2014 maidir le AGPRC in 2015 chomh maith.

## FÓGRAÍ AGUS ORDUITHE FORFHEIDHMIÚCHÁIN

Tá an tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, ar cheann de na píosaí reachtaíochta lena dtugtar cumhacht d'oifigigh údaraithe cigireacht a dhéanamh ar ghnólachtaí bia maidir le reachtaíocht um shábháilteacht bhia a chomhlíonadh. Faoin Acht seo, féadfaidh oifigigh údaraithe, i gcúinsí ina bhfuil baol ann do shláinte an phobail, aon cheann díobh seo a leanas a sheirbheáil – Fógra Feabhsúcháin (lena gceanglaítear gur gá obair feabhsúcháin a dhéanamh), Ordú Feabhsúcháin (a eisíonn an Chúirt Dúiche toisc nár comhlíonadh Fógra Feabhsúcháin), Ordú Dúnta (lena ndúntar gnó), nó Ordú Toirmisc (lena gcuirtear srianta nó cosc ar bhia a úsáid). Tá cumhachtaí breise ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Earraí Bia a Rialú go hOifigiúil), 2010 (I.R. Uimh. 117 de 2010) chun Orduithe Dúnta nó Orduithe Toirmisc a sheirbheáil toisc nach bhfuil reachtaíocht ar bhia á comhlíonadh. Baineadh leas fairsing as na cumhachtaí breise sin ó tugadh isteach iad. Rinne na gníomhaireachtaí oifigiúla bearta forfheidhmiúcháin faoi reachtaíocht eile ar bhia chomh maith; mar shampla, is féidir fógraí comhlíontachta a sheirbheáil a bhfuil an éifeacht chéanna acu is atá ag na bearta forfheidhmiúcháin faoin Acht nó faoi na Rialacháin.

Le linn 2015, seirbheáladh 371 Fógra agus Ordú Forfheidhmiúcháin ar ghnólachtaí bia. Is laghdú 3% é sin ar líon na bhfógra agus na n-orduithe a seirbheáladh in 2014; bhí na líonta ag méadú go dtí 2013. Faoi mar a bhí an treocht sna bliana roimhe seo, ba í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, a dhéanann maoirseacht ar fhormhór na ngnólachtaí bia in Éirinn, a sheirbheáil an chuid is mó díobh.

Is féidir dáileachán geografach na bhfógraí forfheidhmiúcháin (Fógraí Feabhsúcháin, Orduithe Dúnta agus Orduithe Toirmisc) a seirbheáladh in 2015 a fheiceáil sa léarscáil, agus tá cnuasach na bhforfheidhmiúchán i mórcheantar Bhaile Átha Cliath i ngeall ar an daonra níos airde agus an líon níos airde gnólachtaí gnó.

**Forfheidhmiúcháin, 2015**





**Cineál Ordaithe**
- Ordú Dúnta
- Ordú Feabhsúcháin
- Ordú Toirmisc

### Forfheidhmiúcháin a Seirbheáladh, ó 2011 – 2015

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ordú Dúnta | 66 | 91 | 119 | 96 | 90 |
| Fógra Feabhsúcháin | 294 | 307 | 322 | 269 | 265 |
| Ordú Feabhsúcháin | 7 | 3 | 5 | 1 | 0 |
| Ordú Toirmisc | 11 | 15 | 20 | 16 | 16 |
| **Iomlán** | **378** | **416** | **466** | **382** | **371** |

### Orduithe agus Fógraí Forfheidhmiúcháin, 2011 – 2015




Sheirbheáil an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Ordú Dúnta agus Ordú Toirmisc amháin i ndiaidh comhscrdúdú leis an Údarás le linn na bliana ina bhfuarthas go raibh feoil á próiseáil go neamhdhleathach in áitreabh neamhcheadaithe i gContae an Chabháin.

In 2015, seirbheáladh 90 Ordú Dúnta. Is laghdú 6% é sin ar líon na bhfógraí a seirbheáladh in 2014 i ndiaidh laghdú 19% an mbliain roimhe sin. Déantar formhór na nOrduithe Dúnta a sheirbheáil san earnáil seirbhíse, agus bheifí ag súil leis sin ós rud é gurb í an chatagóir is mó gnólachtaí bia.

### Orduithe Dúnta a Seirbheáladh, 2011 – 2015

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Earnáil Seirbhíse | 55 | 79 | 89 | 78 | 71 |
| Miondíoltóirí | 7 | 9 | 19 | 10 | 14 |
| Táirgeoirí Tosaigh | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| Déantóir ag Díol go Díreach le Custaiméirí Deiridh | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| Déantóir/Pacálaí | 2 | 3 | 5 | 4 | 2 |
| Dáileoirí/Iompróirí | 1 | 0 | 6 | 3 | 1 |
| **Iomlán** | **66** | **91** | **119** | **96** | **90** |

## IONCHÚISIMH

Cuireadh an tÚdarás ar an eolas faoi 13 ionchúiseamh rathúla in 2015, i gcomparáid le 11 an bhliain roimh sin. Rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dhá cheann déag díobh sin. Bhí a lán de na hionchúisimh i gcoinne gnólachtaí bia san earnáil seirbhíse: seacht mbialann, dhá bhialann beir leat agus trí theach tábhairne. Bhain an t-ionchúiseamh eile le dáileoir/iompróir.

Thionscain an tÚdarás ionchúiseamh in Eanáir 2015 i gcoinne oibreoir teach tábhairne i dtaca le díolachán vodca góchumtha. Ciontaíodh an t-úinéir as cionta lena n-áirítear faisnéis mhíthreorach a chur ar fáil do chigirí, tomhaltóirí a chur ar mhíthreoir agus faisnéis inrianaitheachta neamhleor a bheith aige. Gearradh fíneálacha €7,000 agus costais €2,000 san iomlán, rud a chuir béim ar thromchúise na gcionta.

## MONATÓIREACHT

Chomh maith le cláir um monatóireacht ar bhia a dhéanann na gníomhaireachtaí oifigiúla, déanann an tÚdarás monatóireacht ar an mbiashlabhra i gcomhair éilleáin cheimiceacha agus mhicribhitheolaíochta chun sláinte an phobail a chosaint agus comhlíonadh an dlí faoi bhia a fhíorú. In 2015, foilsíodh tuarascálacha um monatóireacht ar: sábháilteacht mhicribhitheolaíochta luibheanna agus duilleoga sailéid, míceatocsainí in arbhar, speiceasú iasc, bianna ionradaithe agus sábháilteacht mhicribhitheolaíochta bainne amh agus scagairí bainne amh.

Lena chois sin, in 2015, chuir an tÚdarás, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Seirbhísí Sláinte Comhshaoil agus Saotharlanna an Anailísí Phoiblí), seirbhís tréidliachta na n-údarás áitiúil agus an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, clár trasghníomhaireachta comhordaithe i bhfeidhm chun sonraí a ghiniúint maidir le héilliú hidreacarbóin iltimthriallacha aramatacha i dtáirgí bia a dheataítear ar bhealach traidisiúnta. Chomhoibrigh an tÚdarás le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Seirbhísí Sláinte Comhshaoil agus Saotharlanna Oifigiúla Micribhitheolaíochta Bia) ar shuirbhé ar shábháilteacht mhicribhitheolaíochta cnónna, síolta agus torthaí triomaithe.

Chuir an tÚdarás clár náisiúnta um monatóireacht dé-ocsainí i bhfeidhm chomh maith i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Foras na Mara le tacaíocht ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Sholáthair an tÚdarás moltaí eolaíocha d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dá plean tástála ceimiceán. Soláthraíodh ionchur eolaíoch chomh maith i sampláil bianna Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte lena n-anailísiú chun ailléirginí bia, ionradaíocht bhia, GMOanna a aimsiú agus speicis éisc a fhíordheimhniú. Chuir an tÚdarás le cláir chomhordaithe um monatóireacht na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le lotnaidicídí agus fuíll tréidliachta.

Rinneadh meastóireacht ar na torthaí ón tsampláil agus ón anailís don 2ú Staidéar Náisiúnta 'Total Diet' in 2015.

## BIA IONRADAITHE

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le reachtaíocht lena rialaítear bia ionradaithe a fhorfheidhmiú. Déanann sé monatóireacht ar mhargadh an hÉireann lena chinntiú nach bhfuil ar díol ach bianna arna n-údarú maidir le hionradú laistigh den AE agus lena chinntiú go bhfuil siad lipéadaithe mar is ceart. In 2015, rinne Saotharlanna an Anailísí Phoiblí anailís ar 87 sampla bia ar an iomlán, ach ní bhfuarthas go raibh aon cheann acu ionradaithe. Seoladh na torthaí as Éirinn chuig an gCoimisiún Eorpach lena gcur ina thuarascáil bhliantúil ar bhia agus ar chomhábhair bhia atá cóireáilte le radaíocht ianúcháin, a chuirtear i dtoll a chéile don Aontas Eorpach go hiomlán. Foilsítear na torthaí ar bhonn gnáthaimh ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

### Bia a Tástáladh i gcomhair Fianaise Ionradaíochta, 2015

| Cineálacha Bia ar a nDearnadh Anailís | Líon na Samplaí ar a nDearnadh Anailís | Líon na Samplaí Ionradaithe ach nach Dearbhaíodh | Modh CEN |
|---|---|---|---|
| Gránaigh, Síolta, Glasraí, Torthaí agus Táirgí Torthaí | 5 | 0 | Scagadh: EN13751 |
| Luibheanna agus Spíosraí | 13 | 0 | |
| Tae | 1 | 0 | |
| Anlainn | 1 | 0 | |
| Bianna d'Úsáidí Cothaithe faoi Leith | 35 | 0 | |
| Forbhianna | 32 | 0 | |
| **Iomlán** | **87** | **0** | |

> "Chomh maith le cláir um monatóireacht ar bhia a dhéanann na gníomhaireachtaí oifigiúla, déanann an tÚdarás monatóireacht ar an mbiashlabhra i gcomhair éilleáin cheimiceacha agus mhicribhitheolaíochta chun sláinte an phobail a chosaint agus comhlíonadh an dlí faoi bhia a fhíorú."

## BIA GÉINMHODHNAITHE

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le bia géinmhodhnaithe in Éirinn. Le cuidiú ó shaineolaithe eolaíocha seachtracha, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar iarratais le haghaidh faomhadh seacht n-orgánach géinmhodhnaithe lena n-úsáid mar bhia agus mar bheatha san AE.

Is iad sin: Grán buí GM X 3 (5307, NK603 x T25, MON 87427) agus pónairí soighe GM X 4 (FG72, MON 87705 x MON 89788, MON 87708 x MON 89788, MON 87769 x MON 89788).

Cuirtear conclúidí athbhreithnithe an Údaráis ar aghaidh ansin chuig an Roinn Sláinte, arb é an t-údarás inniúil le haghaidh cúrsaí beartais maidir le bia géinmhodhnaithe.

Chomhordaigh an tÚdarás sampláil agus anailís ar 48 sampla bia (grán buí, seoigh agus rís) a rinne Seirbhís Sláinte Comhshaoil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Saotharlanna an Anailísí Phoiblí faoi seach, i gcomhair láithreacht údaraithe agus lipéadú cuí comhábhair bia géinmhodhnaithe. Fuarthas i gceithre cinn de na samplaí a anailísíodh (dhá cheann ina raibh grán buí agus dhá cheann ina raibh pónairí soighe) go raibh comhábhair GM údaraithe iontu faoi bhun na tairsí lipéadaithe. Tá torthaí ar mhonatóireacht gach bliana ar áit an mhargaidh foilsithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

### Bia a Tástáladh i gcomhair Comhábhair Ghéinmhodhnaithe, 2015

| Cineálacha Bia ar a nDearnadh Anailís | Líon |
|---|---|
| Grán Buí/Táirgí Gráin Bhuí | 18 |
| Pónairí Soighe/Táirgí Soighe | 20 |
| Rís/Táirgí Ríse | 10 |
| **Iomlán** | **48** |



**Rochtain do Mhadraí Cúnaimh agus Compánaigh ar Áitribh Bhia**

**Tháinig an tÚdarás, i gcomhpháirtíocht le Madraí Treorach do na Daill in Éirinn, le chéile chun feasacht a ardú i measc gnólachtaí bia maidir le cearta rochtana daoine ag a bhfuil madraí treorach, cúnaimh agus compánaigh. Faoi na rialacháin um shláinteachas bia in Éirinn, bhí madraí treorach do na daill agus coileáin faoi oiliúint ceadaithe in áitribh bhia agus le déanaí, síneadh an díolúine sin go madraí cúnaimh do theaghlaigh ina bhfuil páistí ar a bhfuil uathachas; aosánaigh ar a bhfuil uathachas; madraí compánaigh do dhaoine atá faoi mhíchumais eile; agus coileáin agus madraí faoi oiliúint do na catagóirí sin.**

**Sa phictiúr tá (c-d): Lean Kennedy, Oifigeach Rochtana agus Oideachais, Madraí Treorach do na Daill in Éirinn; Helen Crowley, Feidhmeannach Faisnéise, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus Lisa Sutch le coileán faoi oiliúint, Upsy.**

## BIA NUA

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil maidir le nuabhianna in Éirinn agus déanann sé measúnuithe sábháilteachta ar nuabhianna nó comhábhair úra, agus déanann sé athbhreithnithe ar na cinn a rinne Ballstáit eile mar chuid de phróiseas údaraithe an AE. Le cuidiú ó shaineolaithe eolaíocha seachtracha, rinne an tÚdarás measúnuithe sábháilteachta ar iarratais ar fhaomhadh seacht nuabhia/comhábhar úra in 2015 agus chuir sé tuairiscí na measúnuithe chuig an gCoimisiún Eorpach chun tuairim Ballstát eile a fháil.

Is iad sin: Beacáin UV-chóireáilte le vitimín D, síneadh úsáide síol Chai, codanna triomaithe aeróige Hoodia parviflora, Coimpléasc Polaisiúicríde Alginate-Konjac-Xanthan, flórthainniní Ecklonia cava (SeaPolynolTM), maláit dí-mhaignéisiam, maláit dí-chalciam.

Ina theannta sin, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar mheasúnú sábháilteachta aon déag nuabhia/chomhábhar úra a rinne Ballstáit eile agus a cuireadh ar ais chuig an gCoimisiún laistigh den tréimhse 60 lá le tuairimí a thabhairt. Bhain siad sin le seo a leanas: Ola Chrille ar Mhórán Fosfailipide, síneadh úsáid DHC, úsc púdar mónóige, úsc pónaire soighe coipthe (Nátóicionáis), L-eirgitiainéin shintéiseach, Hiodrocsaitireasól, Fosfáitidilséirín, Anaitibín, Lachtíotól, Béitín, Iseamalta-olagaishiúicrídí.

Rinneadh dhá iarratas déag leis an Údarás ag lorg tuairimí ar choibhéis shubstaintiúil na gcomhábhar nuabhianna i gcomparáid le comhábhair bhia atá ar mhargadh an AE cheana. I ndiaidh measúnú eolaíoch, chuir an tÚdarás tuairimí coibhéise substaintiúla ar fáil ar na tuairimí sin maidir le: (1 - 6) síol Chai X 6, vitimín K2, ola algach ar mhórán DHA, úsc cócó, Astaxaintin, maláit ciotráit Maignéisiam, béite-ghlúcáin ghiosta.

Is é an tÚdarás eagraíocht chéadrogha na ngnólachtaí bia idirnáisiúnta maidir le nuabhianna a chur isteach agus a mheasúnú do mhargadh an AE.

## MONATÓIREACHT AR SPEICEASÚ IASC

Déanann an tÚdarás comhordú ar shampláil agus anailís na dtáirgí iascaigh atá ar díol trí mhargaí éagsúla in Éirinn gach bliain. Déantar an obair sin lena chinntiú go bhfuil muinín ag tomhaltóirí go bhfuil an speiceas atá dearbhaithe ar an lipéad nó ar ábhar fógraíochta lena mbaineann i ndáiríre sa táirge a cheannaíonn siad. Cuireann Oifigigh Sláinte Comhshaoil agus oifigigh ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ón Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, samplaí isteach ag saotharlann an Anailísí Phoiblí i gCorcaigh i gcomhair anailís DNA. Bailítear samplaí ó bhialanna, bialanna beir leat, ionaid mhiondíola agus próiseálaithe iasc ar bhonn randamach nó ó ghnólachtaí spriocdhírithe má bhíonn faisnéis faoi leith ar fáil. Dírítear go príomha ar tháirgí atá lipéadaithe mar tháirgí troisc nó táirgí a bhfuil trosc iontu i bhfianaise thorthaí na suirbhéanna a rinneadh roimhe, ach déantar táirgí iascaigh eile a shampláil agus a anailísiú chomh maith. In 2015, sampláladh 79 táirge iascaigh san iomlán, lena n-áirítear troisc, colmóirí, doingin mhara, cadóga, leathóga, pangaí, sóil bhuí-eiteache, anglaití, Mangaigh, faoitíní, smealt, ollphéirsí mara, turbaird, deoraithe, glasáin, sóil gheala agus tioláipianna. Bhí siad go léir comhlíontach. Tá torthaí na rialuithe oifigiúla ar speiceasú iasc foilsithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

### Forbairt Modheolaíochtaí Anailíseacha um Fhíordheimhneacht Bhia

In 2015, mar fhreagairt ar theagmhas nimhithe sliogéisc, lean an tÚdarás ag obair ar mhodheolaíochtaí a fhorbairt chun bunús geografach samplaí diúilicíní a aithint. Trí chóimheasa iseatóp cobhsaí i gcomhar leis an anailís riandúl agus infridhearg, tá an tÚdarás ag obair leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus Foras na Mara chun modh a fhorbairt lena ndéanfaí idirdhealú idir diúilicíní a fhásann i limistéir tháirgthe éagsúla ar fud na tíre. Is é seo an chéad am a rinneadh obair dá leithéid agus rinneadh tuilleadh obair fhorbartha in 2015 lena chinneadh an bhféadfaí an teicneolaíocht seo a úsáid chun limistéar fáis diúilicíní a shainaithint go hiontaofa in Éirinn.

## FÓGRAÍ MAIDIR LE FORBHIANNA, BIA CHUN CRÍOCHA SPEISIALTA MÍOCHAINE AGUS BIA LE hAGHAIDH ÚSÁID COTHAITHEACH SONRACH

Faoin reachtaíocht ar bhia ceanglaítear ar an tionscal bia a insint don Údarás nuair atá bianna áirithe á gcur acu ar mhargadh na hÉireann. Coinníonn an tÚdarás comhaid maidir leis na fógraí sin agus i gcás forbhianna, tá próiseas fógraí ar líne aige ar a bhfuil bunachar sonraí inchuardaithe. Tá an tÚdarás ag obair i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun feabhas a chur ar fhorfheidhmiú na reachtaíochta maidir le forbhianna.

Fuair an tÚdarás 1,930 fógra ar fhorbhianna in 2015. Astu sin, seiceáladh 1,820 díobh i gcomhair comhlíontachta maidir leis an reachtaíocht um éilimh forbhianna agus cothúcháin sláinte Fuarthas nach raibh 195 de réir an tsainithe ar fhorbhia.

Catagóir bianna is ea iad bianna chun críocha speisialta míochaine a phróiseáiltear go sonrach nó atá cruthaithe nó beartaithe do bhainistíocht chothaithe othar agus lena n-úsáid faoi mhaoirseacht leighis. In 2015, tugadh 104 fógra um Bia chun Críocha Speisialta Míochaine don Údarás. Rinneadh na fógraí go léir a mheasúnú i gcomhair sábháilteachta agus comhlíontachta ag baint leas as critéir roghnúcháin bunaithe ar riosca.

Is ionann bianna d'úsáidí cothaithe faoi leith (PARNUTS ginearálta) agus bia-ábhair is féidir a idirdhealú, i ngeall ar a gcomhdhéanamh speisialta nó ar a bpróiseas déantúsaíochta, go soiléir ó bhia-ábhair do ghnáthchaitheamh. Tá PARNUTS ginearálta oiriúnach dá gcríocha cothaithe éilithe agus cuirtear ar an margadh iad leis an oiriúnacht sin a léiriú. Rialaítear PARNUTS ginearálta faoi Threoir 2009/39/CE a bheidh bailí go dtí an 20 Iúil 2016, nuair a chuirfear Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 maidir le Bianna do Ghrúpa Sonracha ina hionad. I ngeall ar an athrú atá le teacht ar an reachtaíocht, tá líon na bhfógraí don chatagóir bianna seo ag laghdú. Fuarthas 6 fhógra um PARNUTS ginearálta agus rinneadh iad a mheasúnú i gcomhair sábháilteachta agus comhlíontachta ag baint leas as critéir roghnúcháin bunaithe ar riosca in 2015.

## ÁBHAIR THEAGMHÁLA BIA

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil lárnach maidir le reachtaíocht um ábhair theagmhála bia a fhorfheidhmiú i ngnólachtaí a dhéanann, a iompórtálann, a dháileann agus a mhiondíolann pacáistiú bia agus ábhair theagmhála bia eile. Tá rialacha ginearálta ann a bhfuil feidhm acu maidir le gach cineál ábhar teagmhála bia lena n-áirítear pacáistiú. Lena chois sin, tá feidhm ag rialacha níos sonraí maidir le hábhair amhail plaistic nó ceirmeacht. Is é is cuspóir leis na rialacháin sin an baol a laghdú go n-aistreofaí guaiseacha díobhálacha chuig bia ón bpacáistiú, ón gcumhdach nó ó ábhair eile lena dtagann sé i dteagmháil. Déanann an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann cigireacht ar dhéantóirí agus iompórtálaithe ábhair theagmhála bia in Éirinn thar ceann an Údaráis. Áirítear ar an gcigireacht ar bhia seiceálacha ar úsáid shábháilte ábhair theagmhála bia. Déanann na gníomhaireachtaí oifigiúla eile a oibríonn faoi chonradh seirbhíse leis an Údarás na cigireachtaí sin.

## DEIMHNIÚ EASPÓRTÁLA

D'fhéadfadh sé go gceanglófaí ar easpórtálaithe Éireannacha deimhnithe a fháil ó na húdaráis náisiúnta in Éirinn chun údaráis choibhéiseacha i dTríú Tíortha a shásamh ina ndeimhnítear go gcloíonn an bia a táirgeadh le reachtaíocht an AE faoi bhia. Soláthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ar iarratas, deimhnithe le haghaidh easpórtáil bianna nach bia de bhunús ainmhíoch é – in 2015, eisíodh 5,420 deimhniú. Tá prótacal le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte á thabhairt cothrom le dáta chun an ghníomhaíocht sin a chumhdach. D'eisigh an tÚdarás 17 ndeimhniú maidir le bianna nach bhfuil de bhunús ainmhíoch agus dhá dheimhniú maidir le heaspórtáil ábhair theagmhála bia a táirgeadh in Éirinn.




**Meabhrán tuisceana leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil**

**Síníodh Meabhrán tuisceana idir an tÚdarás agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Roimh an Meabhrán Tuisceana seo, bhí comhaontú i bhfeidhm ag an Údarás leis an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch inar cumhdaíodh comhar maidir leis an mbiashlabhra a chosaint ó éilliú radaighníomhach.**

**Sa phictiúr agus an Meabhrán Tuisceana á shíniú acu tá an Dr Pamela Byrne, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus Laura Burke, Ard-Stiúrthóir, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.**

# Bainistiú Teagmhas

IS É AN tÚDARÁS AN LÁRPHOINTE NÁISIÚNTA RIALAITHE I gCOMHAIR FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE A BHAINEANN LE TEAGMHAIS AGUS RABHAIDH BHIA. CUIRTEAR SEIRBHÍS ÉIGEANDÁLA AR FÁIL 24/7/365. IS É AN tÚDARÁS POINTE TEAGMHÁLA NA HÉIREANN FOSTA DO CHÓRAS MEAR-RABHAIDH AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH UM BIA DON DUINE AGUS D'AINMHITHE.





Rinne an tÚdarás iniúchadh ar 276 teagmhas bia iomlán (lena n-áirítear 36 teagmhas calaois bhia) in 2015, méadú suntasach 31 (12.7%), i gcomparáid le 2014. Sainaithníodh 347 fachtóir cúiseach san iomlán maidir leis an 276 teagmhas iomlán.

Oibríonn an tÚdarás le prótacail dhoiciméadacha a bhaineann le heagraíochtaí comhpháirtíochta le haghaidh bainistíocht teagmhais bhia, géarchéimeanna bia agus le haghaidh ráigeanna bia a imscrúdú.

Rinne an tÚdarás imscrúdú ar 119 mionteagmhas ar an iomlán in 2015 (lena n-áirítear dhá cheann a bhain le calaois bhia). Ba é sin laghdú 42, i gcomparáid le 2014. Anuas air sin, rinne an tÚdarás bainistiú ar 83 gearán trastíre a bhain le bia, i gcomparáid le 87 in 2014.

Bhí 45 tír thionscnaimh i gceist maidir leis an 485 teagmhas agus ba ó 20 Ballstát an Aontais Eorpaigh lena n-áirítear Éire 381 díobh sin. Ba í Poblacht na hÉireann an tír thionscnaimh i 43% (208) de na teagmhais, an Ríocht Aontaithe ansin i 14% (68), Tuaisceart Éireann 4.3% (21), an tSín 3.1% (15), an Pholainn 3.1% (15), an Ísiltír 2.8% (12), an Fhrainc 2.3% (11), agus an Ghearmáin 2.3% (11).

"Oibríonn an tÚdarás le prótacail dhoiciméadacha a bhaineann le heagraíochtaí comhpháirtíochta le haghaidh bainistíocht teagmhais bhia, géarchéimeanna bia agus le haghaidh ráigeanna bia a imscrúdú."


**Fachtóirí Cúiseacha le haghaidh Teagmhais Bhia**

| Fachtóirí Teagmhais | Minicíocht |
|---|---|
| Ailléirgin | 67 |
| Micribhitheolaíocht | 61 |
| Ceimiceach | 60 |
| Calaois Bhia | 42 |
| Rialuithe lochtacha | 36 |
| Lipéadú | 29 |
| Earra coimhthíoch | 15 |
| Fachtóir Bitheolaíoch Eile | 11 |
| Eile* | 26 |
| **Iomlán** | **347** |

* Áirítear ar an 26 fachtóir eile tuarascáil ar thinneas (9), nuabhianna (6), éilimh um chothú/leighis (4), ceisteanna orgánaileipteacha (2), baol tachta (1), fachtóirí folaitheacha neamhdhleathacha (1), ionrádú (1), pacáistiú (1) agus fachtóirí neamhaicmithe (1).

**Líon na dTeagmhas Bia, 2011 – 2015**

| Bliain | Teag-mhais Iomlána | Mion-teagmhais | Gearáin Trastíre | Calaois Bhia | Teagmhais Iomlána/ Calaois Bhia | Mion-teagmhas/ Calaois Bhia | Iar-iniúchadh ar Fhógra Forbhia | Iar-iniúchadh ar Fhógra Teagmhais Iomláin/ Forbhia | Iar-iniúchadh Eile | Iar-iniúchadh Eile/ Calaois Bhia | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2015 | 239 | 117 | 83 | 30 | 3 | 2 | 2 | 1 | 7 | 1 | **485** |
| 2014 | 224 | 160 | 87 | 19 | 1 | 1 | 2 | - | - | - | **494** |
| 2013 | 214 | 146 | 90 | 5 | 3 | 1 | - | - | - | - | **459** |
| 2012 | 152 | 169 | 75 | - | - | - | - | - | - | - | **396** |
| 2011 | 147 | 170 | 79 | - | - | - | - | - | - | - | **396** |




**Iniúchadh Spriocdhírithe ar Fhuarstórais**

Rinne an tÚdarás iniúchadh ar dhá fhuarstóras chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh oibreoirí gnólachtaí bia maidir leis an reachtaíocht faoi bhia a bhaineann lena ngnólacht. Rinne an fhoireann iniúchóireachta scrúdú ar chomhlíonadh agus béim faoi leith acu ar na ceanglais um inrianaitheacht, lipéadú agus aithint táirge a bhí stóráilte san fhoras.

*Tá an foilseachán seo ar fáil lena íoslódáil ag:*
***http://www.fsai.ie/publications_audit_coldstores/***

## RABHAIDH NÁISIÚNTA BIA

Mar thoradh ar theagmhais bhia go minic déantar bianna a aistarraingt nó a aisghairm, rud a spreagann an gá le tomhaltóirí, miondíoltóirí agus dáileoirí a chur ar an eolas. Chun na críche sin, d'fhoilsigh an tÚdarás 67 rabhadh le linn 2015, faoinar clúdaíodh 31 rabhadh bia (dhá cheann le haghaidh gnímh agus 29 le haghaidh faisnéise) agus 36 rabhadh ailléirgin bia. Is é sin méadú suntasach ar an líon rabhadh a foilsíodh in 2014 (44) agus astu sin, bhí 18 gcinn ina rabhaidh bhia (cúig cinn le haghaidh gnímh agus 13 cinn le haghaidh faisnéise) agus ba rabhaidh ailléirgin bia 26 ceann díobh. Gné shuntasach den chleachtas seo ná go leanann na rabhaidh ailléirgin ag sárú na rabhadh bia, rud a léiríonn méadú ar bhrath agus tuairisciú táirgeoirí maidir le comhábhair ailléirginí neamhdhearbhaithe agus tuiscint fheabhsaithe ar an ngá le bheith aireach ar na grúpaí den daonra a bhfuil ailléirgin ina riosca tromchúiseach dá sláinte. As an 31 rabhadh bia a foilsíodh, bhain 14 cinn díobh le milleadh micribhitheolaíochta nó láithreacht fhéideartha orgánach pataigineach. Bhain na rabhaidh bhia eile le hearraí coimhthíocha (11), lipéadú (2), riosca tachta (1), pacáistiú (1) bitheolaíoch (tocsainí eile) (1) agus míceatocsainí (1). Foilsíodh na rabhaidh bhia ar fad ar shuíomh gréasáin an Údaráis, agus eisíodh teachtaireachtaí téacs agus fógraí ríomhphoist chuig shíntiúsóirí. Bhain naoi gcinn de na hathghairmeacha le píosaí miotail, gloine nó plaistice i raon bianna.

D'fhoilsigh an tÚdarás 36 rabhadh maidir le hailléirgin bhia in 2015, méadú 10 gcinn i gcomparáid le 2014. Bhain fiche ceann díobh sin le hailléirginí nár dearbhaíodh ar an lipéadú nó le neamh-chomhsheasmhach/mícheart. Bhí raon ailléirginí sna táirgí sin, níos mó ná ceann amháin corruair, lena n-áirítear 12 cinn a bhain le táirgí ina raibh glútan, bainne (7), uibheacha (6) cnónna (6) agus piseanna talún (5), agus ní raibh ceann ar bith díobh dearbhaithe ar an liosta comhábhar. Foilsíodh na rabhaidh ailléirgin bia ar fad ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Is féidir le síntiúsóirí fógraí a fháil i bhfoirm teachtaireachtaí téacs nó fógraí ríomhphoist. Cuireann an tÚdarás fógra chuig Anaifiolacsas Éireann maidir le gach rabhadh ailléirgin chomh maith.

## AN CÓRAS MEAR-RABHAIDH UM BIA DON DUINE AGUS D'AINMHITHE

Córas fógartha is ea an Córas Mear-Rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe faoi bhainistíocht an Choimisiúin Eorpaigh chun faisnéis a mhalartú idir baill an ghréasáin lena n-áirítear Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia faoi ghuaiseacha i mbia, i mbeatha agus in ábhair theagmhála bia.

Mar an bpointe teagmhála náisiúnta don Chóras Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe, rinne an tÚdarás monatóireacht ar an 3,005 bunfhógra a foilsíodh ar an gcóras in 2015, agus aicmíodh 748 díobh mar rabhadh; 474 mar fhaisnéis le leanúint suas; 378 díobh mar fhaisnéis ar cheart iar-mheasúnú a dhéanamh uirthi; agus 1,366 díobh mar fhógraí a diúltaíodh ag an teorainn. Scaipeadh míreanna nuachta (39) go hinmheánach ar bhaill an chórais. Tháinig 6,204 fógra leantach i ndiaidh na mbunfhógraí sin. As na bunfhograí, tháinig 57 ceann díobh as Éirinn - bhain 9 gcinn táirgí a tionscnaíodh in Éirinn ; bhí 55 ceann díobh bainteach le bia; ceann amháin maidir le beatha ainmhithe agus ábhair theagmhála bia a dáileadh go hÉirinn nó as Éirinn. Lena chois sin, thug an tÚdarás freagairt ar 115 fógra leantach. Bhain 120 fógra le bianna a dáileadh go hÉirinn. Coinníonn an tÚdarás acmhainn 24/7/365 chun teagmhais a bhainistiú agus oibríonn sé i ndlúthchomhar le comhghleacaithe i mBallstáit eile, go háirithe leo siúd in hoifigí na Gníomhaireachta um Chaighdeáin Bianna i mBéal Feirste agus Londain.

## MEASÚNÚ RIOSCA

Déanann an tÚdarás measúnuithe riosca eolaíocha ar na guaiseacha a faightear i mbia mar bhonn le haghaidh cinntí bainistíochta riosca. Leis na measúnuithe riosca tugtar tacaíocht do bhainistíocht na dteagmhas bia agus cuirtear bonn eolais faoin mbeartas ginearálta um shábháilteacht bhia leo.


Gníomhaíonn an tÚdarás mar an bpointe fócasach don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus mar sin, tá sé páirteach i scaipeadh dhá bhealach faisnéise agus sonraí a bhaineann le measúnú riosca.

Rinne an tÚdarás 113 measúnú riosca in 2015. Bhain siad sin leis na réimsí: sábháilteacht mhicribhitheolaíochta, fuíll tréidliachta, fuíll lotnaidicídí, sábháilteacht cheimiceach agus cothú na sláinte poiblí.

## RÁIGEANNA DE GHALAR BIA-IOMPARTHA

Oibríonn an tÚdarás i ndlúth-chomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí oifigiúla agus leis an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nuair a mheastar go bhfuil ráig de ghalair bhia-iompartha ann. Is é sin an ghníomhaireacht a bhaineann le faireachas agus iniúchadh eipidéimeolaíoch a dhéanamh ar ghalair thógálacha.

Léirítear i sonraí sealadacha ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte, gur tuairiscíodh bia in 2015 mar an gcúis amhrasta le cúig ráig gaistreintríteise (galar stéigeach tógálach). Níor sainaithníodh bia éillithe ach i gceann amháin de na ráigeanna sin. I gcás ráigeanna eile, léiríodh bealaí féideartha eile iompair. Áiríodh ar na bealaí féideartha sin, uisce-iompar, iompar ó dhuine go duine agus aer-iompar. Bhain dhá cheann de na ráigeanna le hionfhabhtú *Escherichia coli* véaraicíteatocsaigineach (VTEC), agus bhain ceann díobh sin le cás bainne amh a bhí éillithe. Géar-ghaistreintríteis ionfhabhtaíoch a bhí in dhá cheann de na ráigeanna agus ráig chripteaspóiriodóise a bhí sa cheann eile.




**Nóta Treorach Uimh. 29 – Úsáid Téarmaí Margaíochta Bia**

Leagtar amach treoir sa doiciméad seo do dhéantóirí bia, miondíoltóirí agus gnólachtaí seirbhís bhia chun cuidiú a thabhairt le téarmaí margaíochta a úsáid go freagrach agus a dtáirgí á gcur ar mhargadh na hÉireann acu.

*Tá an foilseachán seo ar fáil lena íoslódáil ag:* ***http://www.fsai.ie/publications_food_marketing_terms/***



**Tugann Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia cuairt ar Bhaile Átha Cliath**

**Thug an Dr Bernhard Url, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia, in éineacht lena chomhghleacaithe an Dr Marta Hugas, Ceann Gníomhach na Rannóige um Measúnú Riosca agus um Chúnamh Eolaíoch, agus an tUasal Jeffrey Moon, Ceannaire Foirne an Fhóraim Chomhairligh, Aonad an Fhóraim Chomhairligh agus an Chomhair Eolaíoch, cuairt ar an Údarás in 2015. Ba é an cuspóir leis an gcuairt comhar idir na gníomhaireachtaí a neartú agus obair chomhoibríoch a phleanáil amach sa todhchaí.**

**Sa phictiúr anseo tá an tUasal Jeffrey Moon, an Dr Marta Hugas agus an Dr Bernhard Url, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia, an Dr Pamela Byrne agus an tUasal Raymond Ellard, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.**

## RIALÚ *CAMPALABAICTÉIR* SA BHIASHLABHRA ÉINEOLA

Is é *campalabaictéar* an chúis is mó le galar bia-iompartha in Éirinn (2,452 cás in 2015 bunaithe ar shonraí sealadacha ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte) agus aithnítear éineoil mar an bpríomhfhoinse bhia. In 2015, thionscain an tÚdarás gníomh eile leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus le geallsealbhóirí, chun feabhas a chur ar rialuithe sa bhiashlabhra éineola. I ndiaidh fíorú a dhéanamh ar mholtaí Choiste Eolaíoch an Údaráis, tugadh an cúram do ghrúpa tionscaltreoraithe chun clár náisiúnta deonach um rialú a fhorbairt. Tionóladh trí chruinniú den ghrúpa seo agus forbraíodh dréachtphlean. Lena chois sin, rinneadh plé leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit eile maidir teorainn mhicribhitheolaíochta chomhchuibhithe a thabhairt isteach do *campalabaictéar* ag deireadh an phróisis mharaithe éanlaithe clóis.

## SLÁINE AGUS FÍORDHEIMHNEACHT AN BHIASHLABHRA

Leanann an tÚdarás le himscrúduithe speisialta a dhéanamh i gcomhar le húdaráis inniúla i mBallstáit eile agus le gníomhaireachtaí oifigiúla sa chás gur braitheadh nó gur líomhnaíodh sáruithe tromchúiseacha ar an dlí faoi bhia nó ar chalaois bhia. Tá na himscrúduithe sin deartha chun cineál agus méid na neamh-chomhlíontachta maidir leis an dlí faoi bhia agus/nó calaois bhia ghaolmhar a dhearbhú. D'fhéadfadh gníomhartha forfheidhmiúcháin agus imeachtaí coiriúla i gcoinne ciontóirí a bheith mar thoradh ar na torthaí ar na himscrúduithe.

In 2015, bhí an tÚdarás páirteach in imscrúdú 36 cás a bhain le sláine an bhiashlabhra. Bhí cineálacha na gcásanna éagsúil agus áiríodh orthu marú neamhdhleathach feola; lipéadú mícheart ar fheoil; díolachán agus soláthar alcóil ghóchumtha agus ainmhithe goidte.

Déanann an tÚdarás cathaoirleacht ar an Tascfhórsa Náisiúnta um Chalaois Bhia agus tá ionadaithe air ón nGardaí Síochána, ón Údarás Rialála Táirgí Sláinte, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ón Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ó na húdaráis áitiúla, ó Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia agus ón tSeirbhís Ioncaim agus Custaim. In 2015, ghlac ionadaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí ballraíocht ar an Tascfhórsa. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire le linn na bliana agus feidhmíonn sé mar ghrúpa cumarsáide, comhordaithe agus líonraithe ina ndéantar faisnéis agus taighde a chomhroinnt ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.


Le linn na bliana, chuir an tÚdarás tús le rannpháirtíocht i seicphointí cois bóthair arna n-eagrú ag an nGarda Síochána. Ba é is cuspóir leis na seicphointí sin díriú ar fheithiclí bia nach raibh marcáilte nach raibh baint dhíreach acu le gnólachtaí bia ceadaithe nó cláraithe.

### Oibríocht OPSON – Europol agus Interpol

D'fhás oibríocht OPSON, arna chomhstiúradh ag Europol agus Interpol, ó oibríocht bunaithe san Eoraip chun os cionn 50 tír ar fud na hÁise, na hAfraice agus Mheiriceá Thuaidh agus Theas a chuimsiú. Le linn oibríocht OPSON V, gabhadh níos mó ná 10,000 tona agus milliún lítear de bhia agus deochanna bréige guaiseacha in oibríochtaí ar fud 57 tír i dtionscnamh arna chomhordú ag INTERPOL-Europol chun an tsábháilteacht agus an tsláinte phoiblí a chosaint. Mar thoradh ar oibríochtaí spriocdhírithe in Éirinn a rinne an tÚdarás, an Garda Síochána, an tSeirbhís Custaim agus Ioncaim agus gníomhaireachtaí oifigiúla, gabhadh agus scriosadh 5.89 tona feola, 1,546 earra bia agus 371.4 lítear alcóil ghóchumtha.

# Eolaíocht agus Comhairle Eolaíoch don Rialtas

TÁ SAINAITHINT AGUS MEASÚNÚ CRUINN AR NA RIOSCAÍ A BHAINEANN LEIS AN mBIASHLABHRA TÁBHACHTACH D'OBAIR AN ÚDARÁIS. TÁ SÉ TÁBHACHTACH CHOMH MAITH GO nDÉANFAR AN COMHOIBRIÚ A NEARTÚ LE GNÍOMHAIREACHTAÍ OIFIGIÚLA MAIDIR LE LEAS A BHAINT AS CUR CHUIGE AR FHORFHEIDHMIÚ AN DLÍ FAOI BHIA ATÁ BUNAITHE AR RIOSCA AGUS BUNAITHE AR FHIANAISE.





Is é an Coiste Eolaíoch an comhlacht reachtúil arna cheapadh ag an Aire Sláinte chun comhairle a thabhairt don Údarás ar chúrsaí eolaíocha agus ar shábháilteacht bhia, cothú agus eagrú gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin. In 2015, tionóladh comhchruinniú leis an gComhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia agus leis an gCoiste Eolaíoch chomh maith le sé chruinniú den Choiste Eolaíoch lena n-áirítear teileachomhdháil amháin. Tionóladh seacht gcruinniú de chuid na bhfochoistí chomh maith (Sábháilteacht Bhitheolaíoch, Sábháilteacht Cheimiceach, Cothú na Sláinte Poiblí).

In 2015, d'fhoilsigh an Coiste Eolaíoch *Potential for Transmission of Antimicrobial Resistance in the Food Chain* agus nuashonrú ar na *Moltaí Eolaíocha do Bheartas Náisiúnta um Chothú Naíonán, 2ú Eagrán*. Chuir an Coiste Eolaíoch a n-ainm le cúig thuarascáil chomh maith (athbhreithniú ar rialuithe oifigiúla, aigéad fólach agus fabhtanna néarfheadáin, frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh, bitocsainí mara agus miotail throma), ceithre bhileog eolais, dhá leasú ar thuarascáil agus sraith amach de rialacha leasuithe nós imeachta.

Chuir an Coiste Eolaíoch a théarma cúig bliana i gcrích an 31 Nollaig 2015. Cuireadh 20 ainm de chomhaltaí ionchasacha don Choiste Eolaíoch úr chuig an Roinn Sláinte i ndiaidh don Údarás próiseas roghnúcháin úr a fhorbairt.

## COTHÚ NA SLÁINTE POIBLÍ

Cuireann an tÚdarás comhairle ar fáil don Rialtas maidir le ceisteanna um shábháilteacht bhia agus um chothú. Le linn 2015, d'fhreastail an tÚdarás ar suas le 24 cruinniú de chuid Ghrúpa Gníomhaíochta Speisialta na Roinne Sláinte maidir le murtall agus ar chruinnithe fochoistí agus ghlac sé páirt iontu. Tháirg an tÚdarás doiciméad amháin don ghrúpa maidir le calraí ar bhiachlár agus d'athbhreithnigh sé dhá dhoiciméad.

Lean an tÚdarás de chion a chur leis an gcomhairle theicniúil agus eolaíoch don Roinn Sláinte maidir le pirimid an bhia a thabhairt cothrom le dáta trína rannpháirtíocht ar Ghrúpa Oibre um Bia Sláintiúil an Ghrúpa Gníomhaíochta Speisialta maidir le Murtall. Le linn 2015, d'fhreastail an tÚdarás ar sheacht gcruinniú agus rinne sé deich ndoiciméad a athbhreithniú.

Thacaigh an tÚdarás le beartas an Rialtais maidir le forbhianna vitimín D do naíonáin trí athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na bhforbhianna vitimín D agus comhairle a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Rinneadh measúnú ar ocht bhforbhia vitimín D maidir le hoiriúnacht agus d'fhreastail an tÚdarás ar a lán teileachomhdhálacha agus cruinnithe le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le cur chun feidhme beartais agus ghlac sé páirt iontu.

Lean an tÚdarás le comhairle a chur ar fáil faoi mar a iarradh d'Fhoras Croí na hÉireann, Bia Sláintiúil do Chách agus Institiúid Cothúcháin agus Diaitéitice na hÉireann.


Foilsíodh cúig shliocht piar-athbhreithnithe ar "MenuCal", aigéad fólach agus locht néarfheadáin, vitimín D, foirtiliú aigéid fhólaigh agus an rialachán maidir le cothú ó fhoireann an Údaráis in 2015. Teachtaireachtaí bunaidh ba iad trí cinn díobh sin a cuireadh i láthair ag imeachtaí an Chumainn Chothaithe agus cuireadh dhá cheann díobh i láthair ag Imeachtaí an 2ú Comhdhála Eolaíche de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia. Astu sin, dámhadh maoiniú do cheann díobh faoi Thionscnamh Taighdeoirí Óga an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia.

## CALRAÍ AR BHIACHLÁIR

Lean an tÚdarás le "MenuCal" a fhorbairt - uirlis saor in aisce do ghnólachtaí gnó agus a chuir sé cumas lipéadaithe ailléirginí leis na bogearraí. Leis an bhfeabhas sin is féidir le húsáideoirí ailléirginí a lipéadú ar a mbiachláir de réir na gceanglas reachtach. Faoi dheireadh 2015, bhí 2,574 úsáideoir cláraithe ann agus dhéileáil an fhoireann le 31 fiosrú maidir le húsáid theicniúil na huirlise.

Díoladh ceadúnas do na bogearraí do Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia a bhfuil úsáid na mbogearraí á cur chun cinn acu i dTuaisceart Éireann anois, agus mar sin is feidhmchlár uile-Éireann MenuCal anois. Le linn 2015, leanadh d'iar-staidéar ar thionchar MenuCal ag Ospidéal Ghort na Silíní agus tá sé le tabhairt chun críche in 2016.

In 2015, d'éascaigh an tÚdarás comhairliúchán náisiúnta a rinne an Roinn Sláinte chun tuairimí a lorg ar an reachtaíocht maidir le postáil éigeantach calraí ar bhiachláir a thabhairt isteach. Bhí an comhairliúchán bunaithe ar Bhille molta um Shláinte agus um Fholláine an Rialtais, a mbeidh feidhm aige maidir le bia nach bhfuil réamhphacáilte arna riar ag gnólachtaí bia lena ithe láithreach ar an áitreabh nó as an áitreabh. Tugadh cuireadh do na páirtithe leasmhara go léir lena dtuairimí a chur in iúl trí cheistneoir ar líne arna óstáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis a chomhlánú.




**Clár Faireacháin Micribhitheolaíochta um Bhainne Amh agus Scagairí Bainne Amh**

Chomhordaigh an tÚdarás staidéar bliana idir Meitheamh 2012 agus Meitheamh 2013 chun leitheadúlacht pataiginí i mbainne amh agus i scagairí bainne amh ó fheirmeacha déiríochta bolachta, caorach agus gabhar a dhearbhú.

*Tá an foilseachán seo ar fáil lena íoslódáil ag:* ***http://www.fsai.ie/publications_survey_raw_milk/***

## AN CLÁR UM MAOLÚ AR SHALANN

Lean an tÚdarás dá ról fíoriúcháin maidir le maolú ar shalann le linn 2015. Bhuail an tÚdarás le Tionscal Bia agus Deochanna na hÉireann chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn a thionscnamh chun bianna a athfhoirmliú. Rinne an tÚdarás athbhreithniú chomh maith ar Shamhail Crème Thionscal Bia agus Deochanna na hÉireann maidir le héifeacht an athfhoirmlithe agus rinneadh sé moltaí maidir le feabhas. Foilseoidh an tionscal tuarascáil ar shamhail athfhoirmlithe Thionscal Bia agus Deochanna na hÉireann in 2016. Táthar ag súil i ndiaidh na tuarascála seo, go leathnóidh an tÚdarás a ghníomhaíochtaí faireachais agus fíorúcháin chun cothaithigh eile a chur san áireamh amhail siúcraí agus saillí agus go dtacóidh sé le clár níos leithne um athfhoirmliú bia ag tionscal na hÉireann ó 2016 ar aghaidh.

In 2015, d'fhoilsigh an tÚdarás torthaí dhá shuirbhé maidir le salann i mbianna agus rinneadh trí shuirbhé eile le cúnamh ó Shaotharlann an Anailísí Phoiblí i nGaillimh. Foilseofar torthaí na suirbhéanna sin ar fad in 2016.

## RANNPHÁIRTÍOCHT EOLAÍOCHTA AR SHAINGHRÚPAÍ OIBRE

Téann an tÚdarás i gcomhairliúchán le Ballstáit lena chinntiú go n-oibreoidh reachtaíocht, bunaithe ar eolaíocht shlán agus na cuspóirí dá beartaíodh iad a bhaint amach. Bhí an tÚdarás páirteach i bhforbairt caighdeáin idirnáisiúnta bia trí pháirt a ghlacadh in ionchur teicniúil ag cruinnithe éagsúla de chuid Ghrúpaí Oibre Eorpacha lena n-áirítear Coimisiún Codex Alimentarius agus ionchur teicniúil a chur ar fáil iontu. Le linn 2015, ghníomhaigh an tÚdarás mar cheann thoscaireachtaí na hÉireann le haghaidh trí cinn de choistí Choimisiún Codex Alimentarius (Breiseáin Bhia, Éilleáin Bhia, agus Bianna Diaitéiteacha) agus bhí sé ina chomhalta ar thoscaireacht na hÉireann um Shláinteachas Bia. Chuir an tÚdarás ionchur teicniúil ar fáil i dhá choiste eile.


Ar an iomlán, sholáthair baill foirne ón Údarás ionchur teicniúil thar ceann na hÉireann le linn a bhfreastail ar 48 cruinniú reachtaíochta san Eoraip in 2015. Sna cruinnithe sin cumhdaíodh réimsí amhail critéir mhicribhitheolaíochta, éilimh chothaithe agus shláinte, éilleáin thionsclaíocha, breiseáin bhia agus nuabhianna.

## RANNA RIALTAIS

Tugann an tÚdarás saintacaíocht don Roinn Sláinte agus an Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara le linn plé agus caibidlíochta maidir le reachtaíocht agus bearta bia sa Choimisiún Eorpach agus sa Chomhairle Eorpach.

Le linn 2015, sholáthair an tÚdarás an bonn eolaíoch lenar cuireadh bonn taca faoi chomhairle d'Airí maidir le beartas um shábháilteacht bhia, beartas um chothú na sláinte poiblí agus reachtaíocht lena mbaineann a fhorbairt. Chuaigh an tÚdarás i gcomhchomhairle leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus bhain sé leas as comhairle uaidh chomh maith.

Cuireann an tÚdarás comhairle iontaofa, neamhspleách ar fáil don Rialtas maidir le beartas sábháilteachta bia agus cothaithe a fhorbairt trí obair a Choiste Eolaíoch agus trí rannpháirtíocht an Údaráis ar ghrúpaí oibre murtaill agus cothaithe an Rialtais.





**Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh – Tuarascáil Seolta**

**I dtuarascáil *'Potential for Transmission of Antimicrobial Resistance in the Food Chain'*, arna foilsiú ag Coiste Eolaíoch an Údaráis, moltar sraith straitéisí rialaithe feadh an bhiashlabhra chun an riosca um thrais-seoladh na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh a laghdú. Tá sé sin ina chuid d'fhreagairt tras-rannach ar fud gach réimse – an réimsí tréidliachta, daonna agus comhshaoil – chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar tromchúiseach atá á chur i láthair ag trais-seoladh na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh sa bhiashlabhra.**

**Sa phictiúr ag seoladh na tuarascála tá: An Dr Pamela A Byrne, Príomhfheidhmeannach, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an tOllamh Martin Cormican, Micribhitheolaíocht Leighis, Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh agus ball den Choiste Eolaíoch agus an Dr Lisa O'Connor, Príomhspeisialtóir um Shábháilteacht Bhitheolaíoch, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.**

## COMHOIBRIÚ EOLAÍOCH LEIS AN ÚDARÁS EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT BHIA

D'fhorbair an tÚdarás naisc láidre leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus feidhmíonn sé mar Lárphointe náisiúnta. Sa chumas seo, tá an tÚdarás páirteach i scaipeadh dhá bhealach faisnéise agus sonraí a bhaineann le measúnú riosca. Chuir an tÚdarás tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí lárphointe na hÉireann ar fáil don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia.

Déanann an tÚdarás ionadaíocht ar son na hÉireann ar Fhóram Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia, arb é príomhphointe teagmhála an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia leis na gníomhaireachtaí sábháilteachta bia sna Ballstáit. Le linn 2015, d'fhreastail an tÚdarás ar cheithre chruinniú de chuid an Fhóraim Chomhairligh agus d'fhreastail sé ar roinnt cruinnithe chomh maith maidir le ceisteanna um measúnú riosca. D'óstáil an tÚdarás cuairt ó Ard-Stiúrthóir an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia in 2015 chun plé a dhéanamh ar dheiseanna um chomhoibriú. Óstálann an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia roinnt sainchruinnithe saineolaithe chomh maith ar réimsí amhail rioscaí atá ag teacht chun cinn, zónóis, cumarsáid agus measúnú um riosca micribhitheolaíochta. D'fhreastail baill foirne de chuid an Údaráis ar 12 de na cruinnithe sin in 2015.

"D'fhorbair an tÚdarás naisc láidre leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus feidhmíonn sé mar Lárphointe náisiúnta. Sa chumas seo, tá an tÚdarás páirteach i scaipeadh dhá bhealach faisnéise agus sonraí a bhaineann le measúnú riosca."




**An Fhéidearthacht um Thrais-Seoladh na Frithsheasmhachta in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh sa Bhiashlabhra**


Dírítear sa tuarascáil seo ar an bhféidearthacht atá ann maidir le trais-seoladh na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh tríd an mbiashlabhra, agus ag an am céanna an idirnascacht idir an biashlabhra, an comhshaol agus daoine a aithint, agus straitéisí um rialú a shainaithint.

*Tá an foilseachán seo ar fáil lena íoslódáil ag:*
***http://www.fsai.ie/publications_AMR/***

# Cumarsáid agus Faisnéis

TÁ AN tÚDARÁS TIOMANTA DO CHUMARSÁID GHNÍOMHACH A DHÉANAMH LE PÁIRTITHE LEASMHARA MAIDIR LE GACH GNÉ A BHAINEANN LE SÁBHÁILTEACHT AGUS SLÁINTEACHAS BIA AGUS FAISNÉIS A SHOLÁTHAR DÓIBH INA LEITH. SPREAGANN AN tÚDARÁS TOMHALTÓIRÍ CHUN DUL I dTEAGMHÁIL LEIS LE hAON GHEARÁIN A BHÍONN ACU MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHTA BHIA. DÉANTAR CUMARSÁID DHÁ THREO AN ÚDARÁIS A ÉASCÚ TRÍNA LÍNE CHOMHAIRLE, A SHUÍOMH GRÉASÁIN, A LEABHARLANN, A LEATHANACH FACEBOOK, A LEATHANACH TWITTER, CAINÉAL YOUTUBE AGUS AN TRÍD AN EISLÍON.






## LÍNE CHOMHAIRLE

Dhéileáil comhairleoirí oilte ar an Líne Chomhairle, arna tacú ag sainfhoireann, le 11,832 fiosrú in 2015, meániomlán míosúil 986. B'ionann é sin agus laghdú 21% ar na hiarratais a fuarthas in 2014 – arbh é sin toradh ar líon tionscnamh a cuireadh i bhfeidhm chun daoine a threorú chuig an bhfaisnéis agus na hacmhainní cuimsitheacha ar an suíomh gréasáin seachas an Líne Chomhairle a úsáid mar an gcéad phointe teagmhála, e.g. lainseáil rannán r-thráchtála úr inar féidir na foilseacháin ar fad a íoslódáil.

Foinse thábhachtach is ea an Líne Chomhairle don tionscal, a oibrítear ón Luan go dtí an Aoine, 9am go 5pm, áit a bhfuil saineolaithe an Údaráis ar fáil chun chuidiú le húinéirí agus bainisteoirí gnólachtaí bia a gceanglais dhlíthiúla a thuiscint. Spreagann an tÚdarás gnólachtaí bia chun leas iomlán a bhaint as an bhfaisnéis agus an tacaíocht atá ar fáil lena chinntiú go gcomhlíonann siad a gceanglais dhlíthiúla um shábháilteacht bhia. Tá sé d'aidhm ag an Líne Chomhairle freagra a thabhairt ar 90% de na glaonna i gcúig shoicind déag agus freagra a thabhairt ar gach fiosrú laistigh de chúig lá oibre.

Faoi mar a bhí i mblianta roimhe, ba iad na hiarrthóirí ba mhinice lónadóirí, tomhaltóirí, déantóirí agus pearsanra ó na gníomhaireachtaí oifigiúla. Ba iad iarratais ar fhaisnéis an chúis ba mhó agus arís ba iad gearáin faoi bhia agus áitribh bhia an dara cúis ba mhó le teagmháil a dhéanamh leis an Líne Chomhairle a bhain le thart ar 23% de na hiarratais uile. Lena chois sin, bhí méadú tagtha ar na gearáin ó thomhaltóirí faoin easpa faisnéise ar ailléirginí (42 in 2015 i gcomparáid le naoi in 2014) i ngnólachtaí bia a riarann bia scaoilte, amhail caiféanna, bialanna, deilithe etc. (féach Tábla 1).

As na 11,832 fiosrú a fuarthas in 2015, bhain 9,093 díobh le hiarratais ar chomhairle ar fud raon réimsí bia, laghdú 22% ó 2014. Is díol suntais é gur bhain 2,739 go sonrach le gearáin a rinne tomhaltóirí faoi bhia agus áitribh bhia, figiúr a bhfuil fíorbheagán athraithe air ó 2014 (féach Léaráid 1).

Lorgaíodh comhairle ar lipéadú bia i gcion mór de na glaonna chuig an Líne Chomhairle in 2015, in ainneoin go léiríonn an t-iomlán seo laghdú 23% ar iarratais maidir le lipéadú le linn 2014. Bhí an laghdú mar gheall go dtáinig na rialacha úra ar lipéadú bianna i bhfeidhm an 13 Nollaig, 2014 agus bhí an dúshlán os comhair a lán gnólachtaí bia lena lipéid bhia a thabhairt cothrom chun dáta roimh an dáta sin. I measc na réimsí eile ar lorgaíodh comhairle ina leith bhí faisnéis ar ghnólachtaí nuathionscanta úra, oiliúint, caighdeáin agus reachtaíocht, chomh maith le hiarratais ar fhoilseacháin an Údaráis. Ina theannta sin, fuarthas 895 fiosrú ó fhoireann gníomhaireachtaí oifigiúla (féach Léaráid 2).

As iomlán na n-iarratas ar an Líne Chomhaire in 2015, fuarthas thart ar 49% díobh tríd an teileafón, arbh ionann é sin agus laghdú 20% ar líon na nglaonna a fuarthas ar an dóigh sin, agus fuarthas an 38% eile díobh tríd an ríomhphost, rud a thug chun suntais an móréileamh atá ag teacht ar chomhfhreagras ar an dóigh sin. Fuarthas an chuid eile ón suíomh gréasáin, ó dhaoine a tháinig isteach go pearsanta, ó dhaoine a d'fhreastail ar thaispeántais, ó iarratais foirne agus trínár leathanaigh Facebook agus Twitter an Údaráis.

Bhain formhór na bhfiosruithe ó dhéantóirí agus ó phróiseálaithe leis an reachtaíocht úr um Fhaisnéis Bia do Thomhaltóirí agus bhí ceisteanna ag pearsanra chonradh seirbhíse an Údaráis maidir le ceanglais úra um lipéadú chomh maith.

## SUÍOMH GRÉASÁIN

Foinse chuimsitheach faisnéise is ea suíomh gréasáin an údaráis maidir le gach gné de shábháilteacht bhia agus treoir agus reachtaíocht lena mbaineann agus lean sé de bheith ina fhoinse mhóréilimh faisnéise. In 2015, bhí méadú 10% tagtha ar líon na n-amharc leathanaigh ó mbliain roimhe sin. Bhí méadú 15% tagtha ar líon úsáideoirí an tsuímh ó 2014 agus bhí méadú 17% tagtha ar líon iomlán na seisiún. Cuairteoirí úra ba iad 67.5% de na cuairteoirí ar an suíomh agus bhí 32.5% díobh ina gcuairteoirí a tháinig ar ais, cosúil leis an mbliain roimhe sin. Tá tóir ar an suíomh gréasáin thar lear chomh maith le daoine ag déanamh fiosruithe agus tháinig 917,652 seisiún as 225 tír/críoch. Tháinig beagáinín os cionn 50% de na cuairteoirí ó Éirinn, 17% ón RA agus 7% ó SAM.

Le linn 2015, rinneadh leathanach baile agus leathanaigh reachtaíochta an tsuímh ghréasáin a athdhearadh i ndiaidh anailís a dhéanamh ar eispéireas úsáideoirí. Cuireadh modúil oiliúna úra leis an suíomh gréasáin chomh maith. Leis an tsaoráid R-thráchtála úr is féidir na foilseacháin uile a íoslódáil díreach ón suíomh gréasáin nó a cheannach.


Ina theannta sin, is féidir le tomhaltóirí ar mian leo gearán a dhéanamh faoi bhia nó faoi áitreabh bia an fhoirm ar líne 'déan gearán' a chomhlánú.

**Léaráid 1: Catagóir Gearáin, 2015**

| Cineál Gearáin | 2015 |
|---|---|
| Iomlán na nGearán | 2,739 |
| Gearáin maidir le Lipéadú | 192 |
| Gearáin maidir le Lipéadú Ailléirginí | 42 |

**Léaráid 2: Catagóir Glaoiteora (An Chéad 10 gCinn), 2015**

| | |
|---|---|
| Iarratas ar Fhaisnéis | 2,789 |
| Gearáin | 2,739 |
| Lipéadú | 1,900 |
| Bunú Gnó | 1,179 |
| Caighdeáin | 554 |
| Oiliúint | 530 |
| Reachtaíocht | 421 |
| Iompórtálacha/ Easpórtálacha | 271 |
| Forbhianna | 196 |
| Cothú | 163 |



## ACMHAINNÍ EILE

Is uirlis chumarsáide idir an tÚdarás agus foireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla é an láithreán eislín, SafetyNet. Is féidir doiciméid inmheánacha a roinnt amhail sonraí teagmhála, nósanna imeachta caighdeánacha agus foilseacháin ar an acmhainn ar líne seo. Trí SafetyNet, leanann an tÚdarás le sraith cláir foghlama ar líne a chur ar fáil do bhaill foirne agus do bhaill foirne na ngníomhaireachtaí oifigiúla. In 2015, thaifead SafetyNet 8,195 cuairt ar an suíomh. Rinneadh na cuairteanna ba mhinice ar an leathanach baile, agus ar an rannán teagmhála agus comhaid roinnte ansin.

I rith 2015, lean leabharlann an Údaráis lena cnuasach acmhainní leabhar, irisí agus lena bunachair shonraí ar líne a fhorbairt. Cuireadh uasghrádú ar bhogearraí na leabharlainne i gcrích in 2015 agus lainseáladh nuachtlitir leabharlainne úr don fhoireann ina gcuimsítear faisnéis maidir le comhdhálacha agus oiliúint ábhartha.

Is acmhainn d'fhoireann an Údaráis í an leabharlann go príomha, ina bhfuil spás fisiciúil ina gcoinnítear leabhair, irisí agus nuachtáin. Soláthraítear iasachtaí idirleabharlainne agus saoráidí cuardaigh ar thopaicí sainiúla le haghaidh taighde, saoráidí físchomhdhála agus spásanna staidéir inti chomh maith. Soláthraíonn an tÚdarás seirbhís leabharlainne do bhaill foirne atá ag obair sna gníomhaireachtaí oifigiúla chomh maith. Is féidir leo iasacht leabhar a fháil, leas a bhain as nuashonruithe irise agus airteagail a iarraidh. Leis an tseirbhís seo is féidir le foireann gníomhaireachta coinneáil suas leis na forbairtí eolaíocha agus cuidíonn sí leo leanúint lena bhforbairt ghairmiúil.




**Seolann an tAire Uirlis Ailléirginí do Ghnólachtaí Bia**

**D'fhorbair an tÚdarás uirlis úr, ar líne atá comhoiriúnach le gairis mhóibíleacha chun cuidiú leis an 22,000 gnólacht seirbhís bhia in Éirinn ailléirginí sa bhia a riarann siad a aithint agus a bhainistiú. Sheol an tAire Sláinte, Leo Varadkar, an tsaoráid atá éasca lena húsáid, le cuidiú le gnólachtaí bia cloí lena gceanglais dhlíthiúla maidir le faisnéis ar ailléirginí ar bhia scaoilte a thaispeáint ionas go mbeidh tomhaltóirí ábalta roghanna níos eolasaí a dhéanamh faoin mbia a cheannaíonn siad. Feidhmchlár breise is ea an uirlis le háireamhán calraí MenuCal an Údaráis.**

**Sa phictiúr ag seoladh na huirlise ailléirginí tá an Dr Pamela A Byrne, Príomhfheidhmeannach, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an tAire Sláinte, Leo Varadkar agus an tOllamh Mary Flynn, Príomhspeisialtóir ar Chothú na Sláinte Poiblí, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.**

## FOILSEACHÁIN

Tá foilseacháin uile an Údaráis ar fáil lena n-íoslódáil ón suíomh gréasáin agus áiríodh ar fhoilseacháin úra in 2015 treoir maidir le topaicí amhail: breiseáin bhia, an fhéidearthacht um thrais-seoladh na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh sa bhiashlabhra, úsáid as téarmaí margaíochta bia agus próiseáil ardbhrú bianna agus suirbhéanna ar bhainne amh agus ar scagairí bainne amh agus míceatocsainí i samplaí arbhair Éireannaigh.

## CAIDREAMH LEIS NA MEÁIN

Lean bia agus sábháilteacht bhia de bheith ina dtopaicí a raibh an-suim ag na meáin iontu. Dhéileáil preasoifig an Údaráis le thart ar 318 fiosrú ó na meáin agus eisíodh 27 preaseisiúint. Eisíodh preaseisiúint ar réimsí lena n-áirítear: an tionchar tromchúiseach atá á chur i láthair ag trais-seoladh na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh sa bhiashlabhra, seoladh uirlis ailléirginí úr do ghnólachtaí bia, athghairm bia maidir le diúilicíní úra, bainne amh ina raibh baictéir dhíobhálacha, an gá le héilliú *campalabaictéir* in éineoil a rialú, orduithe forfheidhmiúcháin agus treoir úr ar úsáid téarmaí margaíochta bia.

Tugadh cuireadh d'fhoireann an Údaráis le labhairt ar an raidió náisiúnta agus áitiúil ó am go chéile, rinneadh ionadaíocht ar son an Údaráis ar an teilifís náisiúnta. Lean an tÚdarás dá rannpháirtíocht ghníomhach le páirtithe leasmhara trí Facebook agus Twitter, agus mhéadaigh an líon leantóirí orthu sin ó 3,792 go 3,662, faoi seach. Ciallaíonn an tsuim mhór seo i gcúrsaí bia nach bhfuil lá ar bith ann nach bhfuil trácht de chineál éigin sna meáin faoi bhia.




**Breakfast Bites**

**I seisiún an Mheithimh den tsraith Breakfast Bites a bhfuil an-tóir air breathnaíodh ar an gceanglas dlíthiúil um dhearbhú ailléirginí do bhianna (scaoilte) nach bhfuil réamhphacáilte, atá i bhfeidhm ón 13 Nollaig 2014. Cuireadh faisnéis i láthair maidir leis na cineálacha bia atá cumhdaithe faoi na ceanglais sin, cad iad na hailléirginí a chaithfear a dhearbhú agus cad iad na roghanna atá ar fáil do ghnólachtaí bia. Áirítear ar na gnólachtaí bia lena mbaineann bialanna, bialanna beir leat, lónadóirí, ceaintíní ospidéil, naíolanna etc. Cumhdaítear "ciandíol" sa reachtaíocht chomh maith, sa chás go gceannaítear bia ar an idirlíon nó ar an nguthán agus go seachadtar chuig an tomhaltóir é.**

**Ag freastal ar Breakfast Bites ar ailléirginí bhí Elizabeth Collins agus Marisol Troya Gonzalez, an bheirt acu ó Capital Foods.**

## OILIÚINT AGUS RÍOMHFHOGHLAIM

Cuireann oiliúint ar shábháilteacht bhia, reachtaíocht ar bhia agus rialuithe bia feabhas ar éifeachtúlacht oibreoirí gnólachtaí bia maidir le bia sábháilte agus cigireachtaí bia a sholáthar chun comhlíonadh agus sábháilteacht a chinntiú. Is modh tábhachtach é an oiliúint chun teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht bhia a chur in iúl. Is é cuspóir an Údaráis maidir le hoiliúint oiliúint ábhartha a chur ar fáil d'fhoireann na ngníomhaireachtaí oifigiúla maidir le rialú bia d'fhonn gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a threisiú agus chun cuidiú le tionscal an bhia tuiscint a fháil ar na ceanglais dlí agus teicniúla a bhaineann leis an dlí faoi bhia agus iad a chomhlíonadh.

In 2015, rinneadh córas bainistíochta foghlama an Údaráis do bhaill foirne sna gníomhaireachtaí oifigiúla a fhorbairt tuilleadh fosta. Cuireadh mórbhéim ar fhorbairt cláir ríomhfhoghlama maidir leis an dlí faoi bhia do na cigireachtaí trí ardán Foghlaim SafetyNet. D'éirigh go maith leis an gcur chuige sin, agus forbraíodh líon modúl úr in 2015 lena n-áirítear Faisnéis Bhia ar Bhianna Réamhphacáilte; Tús Eolais ar Ábhair Theagmhála Bia agus Rialachán 2073/2005 maidir le Critéir Mhicribhitheolaíochta; agus Breiseáin Bhia.

Leanann an córas bainistíochta foghlama ar líne de thacaíochtaí a thabhairt d'fhorbairt phearsanta fhoireann an Údaráis agus na ngníomhaireachtaí oifigiúla. Cuireann sé réimse leathan acmhainní foghlama ar fáil amhail cúrsaí ríomhfhoghlama, bileoga eolais, físeáin agus acmhainní digiteacha eile. Is féidir na hábhair ar líne a úsáid chun faisnéis cothrom le dáta maidir le hábhar a bhaineann le réimse oibre faoi leith a fháil, ábhar a clúdaíodh ag oiliúint le déanaí a athnuachan a fháil, nó i roinnt cásanna, bonn eolais ar ábhar faoi leith a leathnú go díreach. Baineadh leas as seimineáir ghréasáin le cigirí ar fhaisnéis úr maidir le rialacha ar lipéadú ailléirginí seirbhísí bia, rud a mheall 247 rannpháirtí.

In 2015, d'eagraigh an tÚdarás líon ceardlann do bhaill foirne sna gníomhaireachtaí oifigiúla chomh maith. Seachadadh ceardlanna ar shaintopaicí amhail forbhianna i mbia, uisce buidéalaithe agus siopaí búistéara.

Chomhoibrigh an tÚdarás chomh maith le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí deich-leibhéil a choimeád, chun athbhreithniú agus réasúnú ar a shraith reatha Caighdeáin Dámhachtainí AGPRC agus Sábháilteacht Bhia a thionscain. Mar thoradh ar an obair sin, tugadh na caighdeáin dámhachtainí sin chun críche agus ghlac Coiste Beartas agus Caighdeán DCCÉ Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann iad i mí an Mheithimh, 2015.

Leis an gClár um Fhorbairt Agraibhia cuirtear oiliúint scileanna ar fáil do mhic léinn iarchéime agus do thaighdeoirí luathghairme in ollscoileanna agus institiúidí taighde in Éirinn. Chuidigh an tÚdarás le seachadadh a scileanna bainistíochta agus forbartha gairme do Mhodúil an Tionscail Bhia i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh in 2015. Thug an tÚdarás breac-chuntas ar na ceanglais maidir le do ghnó féin a chur ar bun, lena n-áiríodh reachtaíochta um shláinteachas bia, AGPRC, oiliúint ar shábháilteacht bhia agus lipéadú bia.

Gníomhaíonn an tÚdarás mar an bpointe teagmhála náisiúnta do chlár an AE, Oiliúint Níos Fearr i gcomhair Bia níos Sábháilte. Ghlac os cionn 209 ball foirne ó na seirbhísí rialaithe bia in Éirinn páirt sna cláir oiliúna Oiliúint Níos Fearr i gcomhair Bia níos Sábháilte in 2015.

Leanadh den chlár forasta oiliúna *Food Safety and You* atá dírithe ar bhainisteoirí nó oiliúnóirí atá ag obair i dtionscal an bhia, in 2015.

## SEIMINEÁIR

In 2015, lean an tÚdarás ag cuidiú le gnólachtaí bia beaga agus leo siúd a bhí ag smaoineamh ar ghnólacht bia beag a bhunú, lena gceanglais um shábháilteacht bhia a chomhlíonadh trína chlár rannpháirtíochta. D'óstáil an tÚdarás roinnt seimineár gnólachtaí bia beaga agus gnólachtaí nuathionscanta a raibh sé d'aidhm leo an mhistéir a bhaint as na ceanglais um shábháilteacht bhia agus um shláinteachas bia d'fhiontraithe arbh mhian leo gnólacht bia a thosú. Thionóil an tÚdarás imeachtaí um ghnólachtaí nuathionscanta beaga bia i mBaile Átha Luain, Port Láirge agus Baile Átha Cliath. D'fhreastail os cionn 100 duine ar gach imeacht.

Thionóil an tÚdarás sé sheimineár "Breakfast Bites" chomh maith ar na topaicí seo a leanas: conas sábháilteacht bhia a bhainistiú i do ghnó, oiliúint, bia a tháirgeadh do mhargaí feirmeoirí/seastáin mhargaidh, conas faisnéis ailléirginí a dhearbhú ar bhianna (scaoilte) nach bhfuil réamhphacáilte (nuashonrú), téarmaí margaíochta bia agus an fheidhm ailléirginí ar MenuCal. Lean an tÚdarás ina chomhpháirtíocht leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta sna himeachta "One Stop Shop" i bPort Láirge ina raibh sé d'aidhm cuidiú le gnólachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta tuiscint a fháil ar na seirbhísí a chuireann na gníomhaireachtaí rialála Stáit ar fáil agus leas a bhaint astu. Bhí seastáin faisnéise ag an Údarás chomh maith ag: An taispeántas 'Who To Talk To', Cluain Meala agus Seachtain Náisiúnta na nGnólachtaí Nuathionscanta, Príomhleabharlann, Bhaile Átha Cliath.

Lean an tÚdarás chomh maith le láithreacht a choinneáil ag príomhthaispeántais trádála chun comhairle a chur ar fáil agus chun acmhainní faisnéise an Údaráis a chur chun cinn amhail Catex, an t-imeacht seirbhísí bia.

## AN CHOMHAIRLE CHOMHAIRLEACH UM SHÁBHÁILTEACHT BHIA

Bunaíodh an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 agus tá sí ina cuid lárnach i struchtúr an Údaráis. Cuireann an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia ar chumas an Údaráis a dhualgas a chomhlíonadh chun comhairliúchán forleathan a dhéanamh maidir lena ghníomhaíochtaí agus is bonn braite daingean í an Chomhairle maidir le plé leathan ar thrasghearradh geallsealbhóirí.

Tháinig an Chomhairle le chéile ceithre huaire in 2015 agus thionóil sí comhchruinniú chomh maith le Coiste Comhairleach Bia Thuaisceart Éireann, cuid de Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia. Rinne an dá ghrúpa cur i láthair ar a mballraíocht, róil agus cuspóirí faoi seach. Thug Coiste Comhairleach Bia Thuaisceart Éireann breac-chuntas ar a thosaíochtaí straitéiseacha. Rinne foireann an Údaráis cur i láthair ar BSE agus fuíll drugaí tréidliachta, agus mhínigh Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia Scéim Rátála um Shláinteachais Bia Thuaisceart Éireann.

I measc topaicí eile a pléadh ag cruinnithe rialta na Comhairle díríodh ar ábhair amhail rialuithe oifigiúla, anailís ar shonraí ó na gníomhaireachtaí oifigiúla agus tuarascáil na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta um Ailse/na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le feoil dhearg, feoil phróiseáilte agus ailse. Pléadh téamaí do Chruinniú Oscailte 2016 chomh maith.

## FÓRAIM THIONSCAIL

Cé go bhfuil an tionscal bia freagrach go príomha as sábháilteacht bhia ar mhargadh na hÉireann, is é ról maoirseachta agus forfheidhmiúcháin atá ag an Údarás, agus dá réir sin oibríonn an tÚdarás leis an tionscal chun comhlíontacht a spreagadh agus chun go mbeidh gnólachtaí bia feasach faoina bhfreagrachtaí. Lean an tÚdarás lena rannpháirtíocht leis an tionscal bia ar a lán leibhéal chun an gá don earnáil freagracht a ghlacadh as bia sábháilte a tháirgeadh agus a chur ar an margadh a neartú agus feabhas a chur ar chaighdeáin sábháilteachta agus sláinteachais bia.

Chun na críche sin, d'óstáil an tÚdarás roinnt cruinnithe lena cheithre fhóram tionscail. Cuirtear ardán ar fáil leo sin d'earnálacha áirithe den tionscal bia chun ceisteanna bainteacha a ardú agus faisnéis thábhachtach a fháil ón Údarás.


### Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia

Tugann Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia grúpa ilchineálach de tháirgeoirí bia speisialtóra le chéile agus cuireann sé deis ar fáil dóibh chun saincheisteanna sábháilteachta bia maidir leis an earnáil cheardbhia a phlé leis an Údarás. Is ardán atá san Fhóram do na húdaráis agus na táirgeoirí chun teacht ar chomhthuiscint ar ról a chéile i soláthar bia d'ardchaighdeán atá sábháilte don tomhaltóir. Cruthaíonn sé líonra teagmhálacha a úsáidtear taobh amuigh de chruinnithe foirmiúla chun fadhbanna a thagann chun cinn san earnáil maidir le forfheidhmiú an dlí faoi bhia a réiteach. Ina theannta sin, cuireann an Fóram deis ar fáil chun plé a dhéanamh ar thograí reachtacha úra agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar cheardaithe. Is acmhainn luachmhar atá ann do tháirgeoirí ceardbhia agus do na húdaráis, agus cabhraíonn sé le gach duine atá i gceist tabhairt faoi chosaint tomhaltóirí i dtaca le táirgeadh raon éagsúil ceardbhia a éascú.

In 2015, tháinig an Fóram Ceardbhia le chéile dhá uair agus phléigh siad raon leathan topaicí, lena n-áirítear an coincheap um printíseachtaí ceardbhia agus an gá le hoiliúint teagmhála. Tugadh an Ghearmáin mar shampla d'áit ina bhfuil córais den scoth i bhfeidhm. Pléadh sláinte beach, torthaí iniúchadh na Oifige Bia agus Tréidliachta ar éineoil, bunachar sonraí náisiúnta fuíoll Teagasc agus breiseáin bhia chomh maith. Thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara cur i láthair san Fhóram Ceardbhia ar raon feidhme an téarma "orgánach" agus thug sé formhíniú ar an gcóras deimhnithe in Éirinn do sholáthraithe orgánacha. Tugadh breac-chuntas chomh maith ar an reachtaíocht a bhaineann leis an earnáil.

### An Fóram Miondíola

Tá comhaltaí ó na príomh-ollmhargaí agus ó na príomhghrúpaí siombaile ina gcuid den Fhóram Miondíola. Tháinig an Fóram le chéile trí huaire in 2015. Feidhmíonn an Fóram mar mheicníocht úsáideach chun cur le tuiscint ar an reachtaíocht ar bhia agus chun comhairle faoi shábháilteacht bhia a scaipeadh agus dea-chleachtas a roinnt. Le linn 2015, phléigh comhaltaí réamhthorthaí an tionscadail taighde ar *champalabaictéar* arna mhaoiniú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus pleananna na gcomhaltaí comhroinnte *campalabaictéar* san éineoil a dhíoltar ina siopa a laghdú. Chuir comhaltaí cion le hathbhreithniú ar threoir an Údaráis ar stóráil uibheacha ag an bpointe miondíola agus tugadh faisnéis dóibh maidir le raon leathan topaicí lena n-áirítear Straitéis Sláinte Thionscal Bia agus Deochanna na hÉireann agus an tionscnamh arna stiúradh ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun ceisteanna náisiúnta le siopaí iolbhrainsí a bhainistiú. D'fhreastail ionadaí ó na soláthraithe caor reoite in Éirinn chun plé a dhéanamh ar shábháilteacht mhicribhitheolaíochta caor reoite iompórtáilte agus d'fhreastail ionadaí ón bhFóram Ceardbhia chun ceisteanna thart ar iniúchtaí príobháideacha táirgeoirí ceardbhia a phlé. Tugadh na tuairiscí is déanaí maidir leis an téarma "im", lipéadú na tíre tionscnaimh, téarmaí margaíochta bia agus oiriúnú an chórais MenuCal chun stóráil faisnéis ailléirginí a chumasú.



MICROBIAL FACTSHEET SERIES
ISSUE NO. 1 | SEPTEMBER 2015

High Pressure Processing of Foods

**What it high pressure processing?**

High pressure processing (HPP) is also called high hydrostatic pressure processing, ultra high pressure processing, pascalization or cold pasteurisation. It is a food processing technology which applies high pressure to solid or liquid foods to improve their safety and in some cases, organoleptic properties and quality.

**How does HPP work?**

Foods which receive HPP must be first pre-packed in vacuum-packs or other flexible packaging such as plastic bottles. Harder packaging such as ceramics, glass or metal cannot be used in HPP. The selected packaging must be able to withstand the high pressures used, without losing seal integrity or barrier properties and without leaching undesirable packaging chemicals into the product.

After packaging, the foods are placed into a specially designed pressure chamber which is sealed and completely filled with potable water. A pump connected to the pressure chamber pressurises the water, i.e. hydrostatic pressure, and this pressure is then transmitted, i.e. applied, to the food through its packaging via the water. As the pressure acts instantaneously and is equally distributed, there is no obvious crushing effect on the packaged food. The pressure is then applied for a set time period typically from a few seconds up to 20 minutes. On completion of the time period, the chamber depressurises and the food product can be removed.

In most processing operations HPP is carried out between 400 to 600 Mega Pascal (MPa), at room temperature, although due to the effect of pressure, the temperature of the product in the pressure chamber can rise by 3-6°C for every 100 MPa increase in pressure, depending on the composition of the product.

**What is the effect of HPP on microorganisms?**

In typical HPP operations, i.e. 400-600 MPa for two minutes or greater, the high pressure applied to foods at room temperature will reduce numbers of most vegetative bacteria by up to 4 log units or greater, and inactivate certain enzymes with only a small change in the organoleptic properties of the food. However, the resistance of bacteria and other microorganisms to HPP is highly variable, e.g. some gram positive bacteria such as *Listeria monocytogenes* can exhibit higher resistance than gram negative bacteria such as *Salmonella*.

Spores of both bacteria and moulds are largely resistant to inactivation by HPP. Viruses have a wide range of pressure resistance, depending on their structural diversity. The effectiveness of HPP treatments will be dependent on the pressure applied, the holding time, temperature, the type of food matrix and the target organism. It is the responsibility of the food business operator to ensure that the HPP treatment applied to the food product is appropriate to achieve the desired result.

1 of 3

**Próiseáil Ardbhrú Bianna**

Sa bhileog eolais seo mínítear próiseáil ardbhrú bia agus leagtar amach inti freagrachtaí oibreoirí gnólachtaí bia má úsáideann siad próiseáil ardbhrú ina ngnólacht.

***Tá an foilseachán seo ar fáil lena íoslódáil ag:***
***http://www.fsai.ie/publications_high_pressure_processing/***

## An Fóram Seirbhís Bhia

Tagann comhaltaí an Fhóraim Seirbhíse Bia ó ghnólachtaí lónadóireachta, ó ghnólachtaí seirbhís bhia agus ó na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar a son. Baintear leas as an bhFóram chomh maith chun comhairle ar shábháilteacht bhia a scaipeadh, dea-chleachtas a roinnt agus feabhas a chur ar an tuiscint ar an reachtaíocht bhia iomchuí. Tháinig an Fóram le chéile dhá uair in 2015. Áiríodh ar chuid de na príomhthopaicí a pléadh comhlíonadh na reachtaíochta úir maidir le lipéadú ailléirginí ar bhia nach bhfuil réamhphacáilte, neamhréireacht i gcigireachtaí, rialaithe *campalabaictéir* agus comhairliúchán an Údaráis thar ceann na Roinne Sláinte maidir leis an togra chun lipéadú éigeantach calraí ar bhiachláir a thabhairt isteach. Tugadh na tuairiscí is déanaí do na comhaltaí ar an dóigh a rabhthas ag oiriúnú an chórais MenuCal ionas go mbeifí ábalta é a úsáid chun faisnéis ailléirginí a stóráil, treoir úr ar úsáid na dtéarmaí margaíochta úra, r-Fhoghlaim ar ábhair theagmhála bia, an staid dhlíthiúil maidir le madraí treorach/cúnaimh/compánaigh in áitribh bhia agus an Grúpa Oibre um Barrachas Bia. Áiríodh ar cheisteanna eile a pléadh sábháilteacht cócaireacht sous-vide, ráig noraivíris a bhí bainteach le caora reoite a riaradh i dteach altranais thar lear agus comhairle réamhchúraim leanúnach an Údaráis maidir le caora reoite iompórtáilte a bhruith.

## An Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach

Is é an Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach an coiste náisiúnta geallsealbhóirí maidir le Clár Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann, a bhfuil sé d'aidhm aige a chinntiú nach gcuirtear ach sliogéisc shábháilte ar an margadh. Bíonn ionadaithe ar an gCoiste, ar a ndéanann an tÚdarás cathaoirleacht, ó na gníomhaireachtaí oifigiúla, ón mBord Iascaigh Mhara agus ón tionscal sliogiasc agus ó ghrúpaí geallsealbhóirí eile. Le linn 2015, tháinig an Coiste le chéile cúig huaire agus pléadh raon leathan ceisteanna amhail monatóireacht a dhéanamh ar shliogéisc thart ar chósta 8,000 km na tíre, tacaíocht don tionscal bia mara agus foilseachán thuarascáil Bhord Iascaigh Mhara ar dhiúilicíní téide. Chuir foireann an Údaráis na tuairiscí is déanaí ar fáil don Choiste maidir leis an gCód Cleachtais um Monatóireacht Shábháilte ar Shliogéisc, Grúpa Oibre an AE um Moilisc Dhébhlaoscacha, Imeachtaí Faisnéise Réigiúnaí ar Shliogéisc, 2015 agus comhairliúchán molta an Údaráis le geallsealbhóirí mar chuid d'fhorbairt straitéis an Údaráis 2016 – 2019.

## COMHOIBRIÚ LE hEAGRAÍOCHTAÍ EILE

Lean an tÚdarás dá chomhoibriú le roinnt eagraíochtaí in Éirinn agus thar lear araon le linn 2015. Leanadh dá dhlúth-chomhar agus dá dhlúth-chomhoibriú le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia agus déantar é sin a thacú trí mheabhrán tuisceana a ceapadh lena chinntiú go mbeidh comhoibriú tapa, éifeachtach ann i gcás teagmhas bia agus go ndéanfar comh-fhorfheidhmiú ar chúrsaí sa dá dhlínse. Sa mheabhrán tuisceana idir Ghníomhaireacht na Loch agus an tÚdarás cumhdaítear an cúnamh a chuireann Gníomhaireacht na Loch ar fáil chun oibriú Chlár Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann i Loch Feabhail agus Loch Cairlinn a éascú.

Leanadh le hoibriú go comhoibríoch trí chomhaontaithe um chomhoibriú le Teagasc sa chás gur ghlac an tÚdarás páirt sa tionscadal FIRM ar laghdú *campalabaictéir* i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bhí an tÚdarás páirteach i gcomhstaidéar Teagasc/na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le laghdú caidmiam i nglasraí fréimhe.

Cuireann an tÚdarás le Coiste Comhairle Eolaíoch Lárionad Faire um Chosaint Sláinte i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá comhaontú rúndachta ag an Údarás leis an Riarachán Bia agus Drugaí i SAM chomh maith.

Tá an tÚdarás ina rannpháirtí gníomhach leanúnach ar roinnt coistí eile, a bhfuil sé de chuspóir acu caighdeáin in earnáil an bhia a ardú agus a chothú. Áirítear orthu sin coistí na n-eagraíochtaí seo a leanas: Cumann Búistéirí Ceirde na hÉireann; Bord Bia; Coimisiún Craolacháin na hÉireann; Tionscal Bia agus Deochanna na hÉireann; Global Trust Certification; National Heart Alliance; National Hygiene Partnership agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann. Bhí sé páirteach fosta sa tionscnamh um Bia Sláintiúil do Chách a dhéanann iarracht dul i ngleic le bochtaineacht bia trí infhaighteacht agus inacmhainneacht bia shláintiúil agus rochtain air a chur chun cinn i gcomhair grúpaí ar ioncaim ísle.

Déanann an tÚdarás cathaoirleacht ar na Cleachtóirí um Fhorfheidhmiú an Dlí faoi Bhia, grúpa AE de chigirí agus de phearsanra saotharlainne atá bainteach i bhforfheidhmiú an dlí faoi bhia. Glacann an tÚdarás páirt i gCinn an ghrúpa um Gníomhaireachtaí Bia na hEorpa atá nuabhunaithe. In 2015, chuir an tÚdarás le hathbhreithniú ar na téarmaí tagartha, agus le forbairt suíomh gréasáin/tairsí agus cinntíonn sé comhordú cuí idir Cleachtóirí Fhorfheidhmiúchán an Dlí faoi Bhia agus Cinn Gníomhaireachtaí chun grúpa inbhuanaithe agus éifeachtach a fhorbairt.

Cuidíonn an tÚdarás le gníomhaireachtaí i dtíortha eile a mheasann gur eiseamláir é an tÚdarás do ghníomhaireachtaí náisiúnta aonair um rialú bia. Leanann an tÚdarás le cur le Córais Bianna Inbhuanaithe na hÉireann, tionscnamh ag Fiontraíocht Éireann agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun saineolas sábháilteachta bia, eolaíoch, teicniúil, beartais agus agraibhia a chur ar fáil d'fhorbairt tacaíochta thar lear.

Tá baill foirne ón Údarás ina gcuid den Choimisiún Idirnáisiúnta um Shonraíochtaí Micribhitheolaíochta i gcomhair Bianna. Ghlac foireann ón Údarás páirt i gcomhairliúcháin saineolaithe na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta de chuid na Náisiún Aontaithe. Tá an tÚdarás ina phointe teagmhála náisiúnta chomh maith do INFOSAN - an Líonra Idirnáisiúnta um Údaráis Sábháilteachta Bia, comhthionscadal idir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta. Bíonn 177 Ballstát rannpháirteach ann ag malartú faisnéise go rialta maidir le ceisteanna sábháilteachta bia, ag insint faoin taithí atá acu agus ag roinnt saineolais, agus cumasaíonn sé rochtain thapa i gcás éigeandálaí sábháilteachta bia.

# Bainistíocht Chorparáideach

TÁ PRÍOMHRÓL AG FEIDHMEANNA CORPARÁIDEACHA AN ÚDARÁIS MAIDIR LENA CHINNTIÚ GO BHFUIL AN CUMAS AGUS AN INNIÚLACHT, NA CÓRAIS AGUS NA PRÓISIS AG AN ÚDARÁS CHUN SEACHADADH ÉIFEACHTACH SHEIRBHÍSÍ AN ÚDARÁIS A ÉASCÚ DO GACH GEALLSEALBHÓIR. CINNTÍONN SIAD CHOMH MAITH GO nDÉANTAR DEA-CHLEACHTAIS MAIDIR LE RIALACHAS CORPARÁIDEACH A FHORBAIRT AGUS A CHOINNEÁIL, AGUS GO gCLOÍTEAR LEO.



Cé gurb é príomhfheidhm an Údaráis sláinte agus leasanna tomhaltóirí a chosaint, tá príomhról ag na feidhmeanna corparáideacha lena chinntiú go ndéantar an tÚdarás a bhainistiú agus a fhorbairt go héifeachtach agus go mbaintear an úsáid is éifeachtaí as na hacmhainní ionas go seachadfar na seirbhísí is fearr. Is iad na príomhacmhainní atá ar fáil don Údarás go príomha, an feidhmeannach agus an fhoireann, acmhainní airgeadais, bonneagar agus córais faisnéise, agus tugtar tús áite i gcónaí don leas is fearr a bhaint astu sin agus iad a fhorbairt. Chun bonn taca chur faoi sin, tá an tÚdarás tiomanta do chóras bainistíochta cáilíochta a bheith i bhfeidhm aige bunaithe go bunúsach ar an gcoincheap seo a leanas: custaiméirí agus a gcuid riachtanas a aithint; pleanáil conas freastal ar na riachtanais sin; nósanna imeachta a dhoiciméadú nuair is cuí; spriocanna intomhaiste a leagan síos do gach rannán agus do gach ball foirne; agus athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar a bhfuil á bhaint amach.

Forbraíodh Plean Leibhéal Seirbhíse Cuimsitheach do 2015 inar tugadh mionsonraí faoi na táirge insoláthartha agus na cláir oibre agus na tionscadail a bhí beartaithe don bhliain. Bhí siad sin ansin ina mbonn leis na pleananna oibre bliantúla ar an leibhéal eagraíochta, rannáin, foirne agus ball foirne aonair. Tá córas láidir bainistíochta feidhmíochta i bhfeidhm agus tríd an oiliúint agus an bhforbairt ábhartha seo aithnítear riachtanais. Díríonn an tÚdarás ar a chinntiú go bhfuil na hinniúlachtaí, na scileanna agus an t-eolas is gá ag an bhfoireann chun freastal ar riachtanais na heagraíochta agus ar riachtanais forbartha pearsanta. Cuireann sé béim láidir agus an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt phearsanta agus spreagadh sé an fhoireann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla agus pearsanta leanúnach. Le linn na bliana, cuireadh raon leathan cláir oiliúna agus forbartha pearsanta leanúnaí ar fáil agus thug an tÚdarás tacaíocht do líon baill foirne chomh maith trí chláir fhorbartha agus bhreisoideachais. Tá pleanáil, bainistíocht feidhmíochta agus athbhreithniú agus feabhas leanúnach ina gcuid lárnach d'obair an Údaráis agus éascaíonn córas bainistíochta cáilíochta an próiseas.

Tá an córas bainistíochta cáilíochta deimhnithe de réir an chaighdeáin idirnáisiúnta ISO 9001:2008, agus déantar iniúchadh seachtrach ar an Údarás gach bliain le féachaint conas atá sé ag feidhmiú i bhfianaise an chaighdeáin sin. In 2015, rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iniúchadh ar Chóras Bainistíochta Cáilíochta an Údaráis. Bhí an toradh rathúil don Údarás agus leanadh dá dheimhniú go ISO 9001:2008 mar thoradh air. Mar chuid d'fheabhas leanúnach, rinneadh an t-ardán 'SharePoint' bainistíochta cáilíochta a fhorbairt tuilleadh chun an córas bainistíochta cáilíochta a neartú agus é a dhéanamh níos áisiúla d'úsáideoirí.

Tá feidhm éifeachtúil airgeadais ann chun bainistíocht agus rialú iomchuí ar na hacmhainní a chinntiú, go ndéantar na caighdeáin chuntasaíochta ábhartha a chomhlíonadh agus go bhfuil córais agus rialuithe éifeachtacha bainistíochta airgeadais i bhfeidhm. Le linn na bliana, rinne na hiniúchóirí inmheánacha athbhreithniú ar na córais um rialuithe airgeadais inmheánacha agus bhí an leibhéal dearbhaithe a fuarthas suntasach agus ar an leibhéal is airde atá ar fáil. Déanann an tÚdarás cinnte freisin go gcuirtear bearta buiséadta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm, i gcomhthéacs tuarastal, rátaí taistil, soláthair agus laghduithe eile ar chaiteachas. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain de réir cheanglas FRS 102 agus Chiorclán 13/2014.

Is é foireann an-tiomanta an Údaráis a phríomhacmhainn fós agus tá siad tiomanta do sheirbhís den scoth a chur ar fáil. Tá Coiste Foirne ann ina bhfuil baill foirne ó gach leibhéal ar fud an Údaráis agus téitear i gcomhairle leis i dtaobh roinnt mhaith ceisteanna eagraíochtúla, lena n-áirítear beartais acmhainní daonna a fhorbairt. Tionóladh cruinnithe rialta le linn na bliana agus cuireadh roinnt ceisteanna chun cinn tríd an bhfóram. Tá an tÚdarás tiomanta go hiomlán do shláinte, sábháilteacht agus leas a fhoirne a chinntiú agus do cheanglais na reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta ábhartha a chomhlíonadh agus sláinte agus folláine na foirne a chur chun cinn. Tháinig Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an Údaráis le chéile go rialta in 2015 agus cuireadh a chlár oibre i bhfeidhm. Cuireadh oiliúint ar fáil ar cheisteanna ábhartha agus leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar an ionad oibre ar bhonn rialta chun timpeallacht oibre fholláine a chinntiú.

Lean an tÚdarás de bheith faoi réir lánchosc earcaíochta na hearnála poiblí. Fuarthas cead, áfach, chun líon baill foirne a earcú le linn na bliana, lena n-áirítear Príomhoifigeach Feidhmiúcháin úr a cheapadh agus a thosaigh ina phost i Márta 2015. Rinneadh an próiseas earcaíochta a bhainistiú i gcomhréir le ceanglais na Roinn Sláinte agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.



**Seimineár na nGnólachtaí Nuathionscanta Beaga**

**D'óstáil an tÚdarás seimineáir gnólachtaí nuathionscanta beaga i bPort Láirge agus i mBaile Átha Luain. Bhí sé d'aidhm leis an imeacht é a dhéanamh níos éasca gnólachtaí bia úra a chur faoi shiúl agus cuidiú leo cloí leis na ceanglais ábhartha um shábháilteacht bhia ar fad. Ag na seimineáir, thug saineolaithe éagsúla ón Údarás breac-chuntas ar an mórán acmhainní faisnéise atá ar fáil do ghnólachtaí bia, ar na ceanglais um oiliúint ar shábháilteacht bhia, conas córas bainistíochta um shábháilteacht bhia a bhunú, rialachán um lipéadú agus cad is gá do ghnólachtaí a dhéanamh i gcás go n-athghairfí táirge.**

**Sa phictiúr i mBaile Átha Luain tá: Raymond Ellard, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, Karen Gordon, Roscommon Chocolate Company (urlabhraí) agus Príomhoifigeach um Shláinte Comhshaoil, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Ros Comáin (urlabhraí).**




**An taispeántas 'Who To Talk To'**

**Ghlac an tÚdarás páirt sa taispeántas 'Who To Talk To' a tionóladh i gCluain Meala. Ceapadh an t-imeacht chun daoine aonair a bhfuil sé ar intinn acu dul i mbun féinfhostaíochta i ngach earnáil a ghríosú agus a spreagadh agus chun eolas a thabhairt do thionscnóirí gnó úra agus reatha faoi na tacaíochtaí atá ar fáil le haghaidh gnó a chruthú agus a fhorbairt. Bhí seastán ag an Údarás ar ar bhfreastail a lán daoine. Ag an seastán cuireadh comhairle ar fáil agus tugadh eolas faoi na hacmhainní atá ar fáil dóibh siúd a bhfuil sé ar intinn acu gnólacht bia a chur ar bun.**

**Pictiúr de Elaine Connolly agus Vanessa Cooling ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag seastán faisnéise an Údaráis.**

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

I gcomhlíonadh an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009, tá Creat um Rialachas Corparáideach i bhfeidhm ag an Údarás. Forbraíodh an creat sin d'fhonn cuidiú le héifeachtacht, oscailteacht agus trédhearcacht a fheabhsú. Soláthraítear treoir mhionsonraithe sa chreat sin don eagraíocht faoi chúrsaí amhail: gnó an Bhoird a stiúradh; pleanáil straitéiseach; próisis oibriúcháin; bainistíocht riosca; rialú airgeadais agus caighdeáin iompraíochta.

De réir Alt 41 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 agus na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, ceanglaítear ar chomhaltaí de Bhord an Údaráis, den Choiste Eolaíoch, de na Fochoistí Eolaíocha agus d'fhoireann ainmnithe an Údaráis dearbhú leasanna a sholáthar gach bliain. Cuireann an tÚdarás na dearbhuithe sin ar aghaidh chuig an Aire Sláinte nó chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí.

Le linn 2015, d'éirigh an Dr Pat O'Mahony Pat O'Mahony ón mBord. Ceapadh comhaltaí úra ar an mBord ach lorgaíodh léirithe suime faoi phróiseas ceapachán ag Boird Stáit faoin 8 Nollaig 2015 chun folúntais reatha agus cinn a bhí ag teacht i ngar a líonadh. Bhí Coiste Iniúchóireachta Boird lánfheidhmiúil ag an Údarás a rinne Athbhreithniú ar Chonarthaí Seirbhíse agus a rinne iar-athbhreithniú ar Athbhreithniú Chórais TF agus Coiste Luach Saothair agus Ainmniúchán a rinne maoirseacht ar cheapadh an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. I mí na Bealtaine 2015, ghlac an Bord páirt san Athbhreithniú um Éifeachtúlacht. Éascaíodh an t-athbhreithniú trí cheistneoir leictreonach agus ina dhiaidh sin rinneadh tuarascáil, cruinniú éascaithe as an láithreán agus plean cur chun feidhme chun feabhas a chur ar an dóigh a ndéanann an Bord a ghnó.

Bhí na ráitis airgeadais, arna bhfaomhadh ag Coiste Iniúchóireachta an Bhoird faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus níor tuairiscíodh aon rud. Tionóladh trí chruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta Boird in 2015.

Baintear leas as creataí an Rialtais Lárnaigh más ábhartha agus más infhaighte. Chuir an tSeirbhís Soláthair Náisiúnta in iúl don Údarás nár cheart creataí úra ar bith (seachas na cinn arna mbunú ag an tSeirbhís Soláthair Náisiúnta) a bhunú.

"Cuireadh tús le cur i bhfeidhm córas um leanúnachas gnó agus um théarnamh tubaistí agus nuair a bheidh siad críochnaithe cinnteofar gur féidir leis an Údarás a dhualgais reachtacha féin a dhéanamh sa chás nach mbeadh córais na Teicneolaíochta Faisnéise ar fáil."

## TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Tá córais um theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide fós ríthábhachtach le cur ar chumas an Údaráis tacú le seachadadh seirbhísí agus é a fheabhsú. Tá bonneagar agus tacaíocht na Teicneolaíochta Faisnéise ríthábhachtach d'fheidhmiú éifeachtach an Údaráis agus soláthraíonn foireann inmheánach na Teicneolaíochta Faisnéise raon leathan uirlisí chun bainistíocht éifeachtúil a éascú. D'éirigh le grúpa na Teicneolaíochta Faisnéise cúpla tionscadal ardluacha a bhí casta ón taobh teicniúil a sheachadadh.

Cuireadh tús le cur i bhfeidhm córas um leanúnachas gnó agus um théarnamh tubaistí agus nuair a bheidh siad críochnaithe cinnteofar gur féidir leis an Údarás a dhualgais reachtacha féin a dhéanamh sa chás nach mbeadh córais na Teicneolaíochta Faisnéise ar fáil.

Rinneadh an bonneagar freastalaí d'aistriú slán sonraí a chuireann gníomhaireachtaí oifigiúla isteach a uasghrádú. Cuireadh láimhseáil idirghníomhach do chóras ionad glaonna na Líne Chomhairle i bhfeidhm. Rinneadh an córas catalóg leabharlainne SirsiDynix a ascnamh go timpeallacht néalbhunaithe lenar cuireadh athléimneacht agus infhaighteacht mhéadaithe ar fáil. Cuireadh uasghrádú ar shlándáil líonra na Teicneolaíochta Faisnéise lena n-áirítear córais víris agus ballaí dóiteáin peiriméadair i gcrích chomh maith.

Seachadadh líon tionscadal um fhorbairt na Teicneolaíochta Faisnéise. Áiríodh orthu sin athfhorbairt an chórais iniúchóireachta inmheánaí a úsáidtear in éinreacht leis an gCóras Bainistíochta Cáilíocht atá creidiúnaithe le ISO 9001:2008.

Rinneadh córas logála glaonna na Líne Chomhairle a fheabhsú agus a athfhorbairt. Cuirtear feidhmiúlacht bhreise ar fáil leis sin leis an gcóras, rud a chuireann éifeachtúlachtaí ar fáil dóibh siúd a riarann Líne Chomhairle an Údaráis.

Rinneadh na ríomhairí freastalaí criticiúla gnó a uasghrádú go Microsoft Server 2012 R2 agus fuarthas córas faisnéise acmhainní daonna úr agus cuireadh i bhfeidhm go rathúil é.

## SAORÁIL FAISNÉISE AGUS CEISTEANNA PARLAIMINTE

Leanann an tÚdarás ar aghaidh ag comhlíonadh a chuid dualgas maidir le freagra a thabhairt ar iarratais um Shaoráil Faisnéise agus ar cheisteanna parlaiminte. Le linn 2015, fuair an tÚdarás 20 iarratas um Shaoráil Faisnéise. Iriseoirí a rinne cúig cinn déag de na hiarratais agus bhí cúig díobh ó ghrúpaí gnó nó leasghrúpaí. I measc na dtopaicí sna hiarratais bhí: taifid a bhain le hOrduithe Forfheidhmiúcháin; campalabaictéar; forbhianna agus calraí ar bhiachláir.

Chuir an tÚdarás comhairle ar fáil mar fhreagra ar 16 cheist pharlaiminte ó ionadaithe éagsúla polaitiúla a cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte nó na Roinne Talmhaíochta, Bia agus na Mara in 2015. Ba laghdú é sin ón 30 in 2015. I measc na gceisteanna a fuarthas bhí: socruithe airgeadais agus soláthair foirne; iaidín, agus barra bia a fháil i réigiún loisceoirí dramhaíola.



**Catex**

**Ghlac an tÚdarás páirt in CATEX 2015, taispeántas seirbhís bhia a tionóladh in RDS, Baile Átha Cliath. Bhí a lán fiosruithe ag cuairteoirí ar an seastán do shainfhoireann an Údaráis, a bhí dírithe den chuid is mó ar lipéadú agus lipéadú ailléirginí. Bhí an-suim i MenuCal ag an imeacht chomh maith, agus thug foireann an Údaráis cuairteoirí trí na céimeanna simplí a bhaineann le calraí a chur ar a mbiachláir ag baint úsáid as an uirlis ar líne saor in aisce.**

**Sa phictiúr ag seastán CATEX an Údaráis tá Clodagh Crehan, Feidhmeannach Faisnéise, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus beirt chuairteoirí ar an seastán.**

# Conarthaí Seirbhíse agus Meabhrán Tuisceana

Tá an tÚdarás freagrach as an reachtaíocht ar bhia in Éirinn a fhorfheidhmiú, agus comhlíonann sé an fheidhm fhorfheidhmiúcháin sin trí chonarthaí seirbhíse le gníomhaireachtaí oifigiúla. Déantar foráil in Alt 48 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 i leith an bhoinn reachtúil ina leith sin. Sna conarthaí a ceapadh idir an tÚdarás agus na gníomhaireachtaí oifigiúla, leagadh amach leibhéal agus caighdeán na gníomhaíochta i leith sábháilteacht bhia a dhéanfaidh na gníomhaireachtaí oifigiúla, mar ghníomhairí don Údarás. Ceanglaítear ar ghníomhaireachtaí i bpríomhchásail sna conarthaí sin rialuithe oifigiúla a chur i gcrích faoi na sceidil seo a leanas:

**Sceideal 1:** Liosta den reachtaíocht ar bhia a fhorfheidhmeoidh an ghníomhaireacht mar a chomhaontaigh sí

**Sceideal 2:** Sonraí maidir leis an méid a dhéanfaidh an ghníomhaireacht, mar aon le ceanglais maidir leis an ngníomhaireacht go ginearálta agus maidir leis na cigirí ábhartha agus na seirbhísí saotharlainne a fheidhmíonn an ghníomhaireacht. Tá socruithe monatóireachta cuimsithe sa sceideal seo chomh maith

**Sceideal 3:** Na hacmhainní a thabharfaidh an ghníomhaireacht i leith an chonartha, sainithe go ginearálta i gcomhthéacs leibhéil soláthair foirne sna cigireachtaí agus sna saotharlanna


**Sceideal 4:** Ceanglais tuairiscithe le haghaidh na gníomhaireachta

**Sceideal 5:** Socruithe maidir leis an Údarás iniúchadh a dhéanamh ar an gconradh, lena n-áirítear comhaontú na gníomhaireachta chun comhoibriú leis an gclár iniúchta.


Ina theannta sin, tá meabhrán tuisceana sínithe ag an Údarás le heagraíochtaí éagsúla eile in Éirinn agus thar lear, chun comhoibriú agus malartú faisnéise maidir le sábháilteacht bhia a éascú.

Is é atá i gconradh seirbhíse comhaontú dlíthiúil chun reachtaíocht i leith sábháilteacht bhia a fhorfheidhmiú. Ar an lámh eile, sa mheabhrán tuisceana leagtar amach creat le haghaidh comhoibrithe idir eagraíochtaí ina gcuid gníomhaíochtaí maidir le sábháilteacht bhia.

**Gníomhaireachtaí Oifigiúla a raibh Conarthaí Seirbhíse ag an Údarás leo in 2015**





**Eagraíochtaí a raibh Meabhrán Tuisceana ag an Údarás leo in 2015**



# Struchtúr Bainistíochta

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2015



# Na Comhaltaí Boird 2015



## An tOllamh Michael Gibney (Cathaoirleach)

Is Ollamh Emeritus um Bia agus Sláinte é an tOllamh Michael Gibney, MAgrSc, MA, PhD, ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, post a thosaigh sé in 2006. Bhain sé céim amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le MAgrSc i 1971, agus thosaigh sé ag teagasc clár comhaltachtaí ag Scoil Tréidliachta Ollscoil Sydney agus bronnadh PhD air i 1976. Ó sin, chuaigh sé ar aghaidh go cothú an duine, le léachtóireacht ag Scoil Leighis Ollscoil Southampton i 1977 agus fill sé ansin ar Bhaile Átha Cliath chun post a thosú ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sa Rannóg um Leigheas Cliniciúil mar Ollamh um Chothú. Le linn an ama sin, bhí sé ina Dhéan (Leas-Uachtaránach) Taighde. Bhí sé ina Uachtarán ar an gCumann Cothaithe ó 1995-1998 agus d'fhóin sé ar Choiste Eolaíoch an AE i gcomhair Bia ó 1985 go 1997 agus bhí sé ina chathaoirleach ar an ngrúpa oibre maidir le cothú. Ó 1997 go dtí 2000, d'fhóin sé ar Choiste Stiúrtha Eolaíoch an AE agus bhí sé ina chathaoirleach ar a ghrúpa oibre ar BSE. Fónann sé ar choiste eolaíoch Sackler, an Institiúid Cothaithe ag Acadamh Eolaíochtaí Nua-Eabhrac agus bhí ina rannpháirtí i Saotharlann Nuálaíochta Eispéireas Bia Google (Google Food Experience Innovation Laboratory).



## An tUasal Ciaran Byrne

D'fhóin an tUasal Ciaran Byrne mar chomhalta d'Fhóram Sláinte Réigiúnach FSS Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt (2009-2011), d'Údarás Rialaithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (2011-2014) agus den Choiste Bainistíochta Riosca. Ina ionadaí poiblí ar Chomhairle Contae Fhine Gall (2001-2014), bhí sé ina Mhéara in 2009/10, ina chomhalta de Choiste Iniúchóireachta na Comhairle (2011-2014), agus ina chomhalta den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh. Bhí sé ina chathaoirleach ar Bhord Forbartha Contae Fhine Gall (2004-2009). Bhí sé ina Chathaoirleach ar Chomhpháirtíocht Ceannairí Fhine Gall 2009-2011. Bhí sé ina chomhalta bunaidh ar Bhord Fhiontraíocht agus Ionad Oiliúna Bhaile Brigín 2000-2014. D'oibrigh Ciaran sa tSeirbhís Dheonach Thar Lear ( Voluntary Service Overseas) i Londain, in innealtóirí bogearraí Glockenspiel agus mar chomhpháirtí i gcomhairleoirí bainistíochta STS i mBaile Átha Cliath. Is iarchéime é de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Staidéar Eacnamaíoch agus Sóisialta) agus tá Céim Mháistir aige san eolaíocht, sna healaíona agus sna meáin ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.



## An tUasal Derek Cunningham

Is comhairleoir cumarsáide é an tUasal Derek Cunningham. Roimhe sin, bhí sé ina Chomhairleoir Speisialta don Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney agus ina Cheann Cumarsáide le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann. Is iar-iriseoir é le teilifís agus raidió RTÉ. Iarchéimí é de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus tá cáilíochtaí iarchéime aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. D'fhóin sé ar Ghrúpa Comhairleach de chuid Choimisiún na Sochaí Faisnéise agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Chomhairle Lucht Éisteachta RTÉ.



## An tOllamh Albert Flynn

Tá an tOllamh Albert Flynn, B.Sc., Ph.D. (OÉ, Gaillimh), ina Ollamh le Cothú sa Roinn Eolaíochtaí Bia agus Cothaithe sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh. D'fhóin sé ar dhámh na hOllscoile ó 1981 agus ó 1993-1996 bhí sé ina Dhéan ar Dhámh na hEolaíochta & Teicneolaíochta Bia. Rinne sé a lán foilseachán ar chothú an duine, ar an tsláinte phoiblí agus ar shábháilteacht bhia, maidir le raon topaicí lena n-áirítear iontógáil agus stádas grúpaí daonra, measúnú riosca um shábháilteacht bhia, foirtiliú bia agus measúnú idir riosca is tairbhe ar chothaithigh. Tá taithí fhairsing aige maidir le comhairle eolaíoch a sholáthar ar cheisteanna maidir le cothú an duine agus sábháilteacht bhia a bhaineann le beartas agus rialú bia. Tá sé ina Chathaoirleach faoi láthair de Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. D'fhóin sé fosta mar chomhalta de Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa, agus mar Chathaoirleach ar a Phainéal um Tháirgí Diaitéitice, Cothú agus Ailléirgí ó 2003-12 agus mar chomhalta de Choiste Eolaíoch an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Bia ó 1997 go 2003. Athcheapadh an tOllamh Flynn sa Bhord an 21 Aibreán, 2015.



## An tUasal Margaret Moran

Bhí Margaret Moran ina gCeann ar an Rannóg Eacnamaíocht Bhaile agus ina Léachtóir ar an Staidéar Bia in iar-Choláiste Oideachais Naomh Caitríona um Eacnamaíocht Bhaile. Chuir sí seirbhísí comhairleacha ar fáil le blianta fad do Fáilte Éireann agus d'oibrigh sí mar Chomhairleoir Bia Réigiúnach le Bord Bia. Áirítear ar a cáilíochtaí iarchéime M.Sc. Talmhaíocht (Eolaíocht Bhia) ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Teastas i Sábháilteacht Bhia ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Dioplóma i mBeartas Bia ó City University, Londain, agus Teastais Ardscileanna Cócaireachta ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá sí ina comhalta den Fhondúireacht Idirnáisiúnta um Eacnamaíocht Bhaile agus bhí sí ina chathaoirleach roimhe seo ar an gCoiste um Chlár Slándála Bia agus Cothaithe. Cuireann Margaret seirbhísí comhairleachta ar fáil faoi láthair d'institiúidí agus d'eagraíochtaí éagsúla laistigh den Oideachas do Mhúinteoirí, Breisoideachas agus Oideachas do Thomhaltóirí.



## An Dr Pat O'Mahony

Tá an tUasal Pat O'Mahony, MVM, MBA, C Dir, ina Leas-Ard-Stiúthóir agus ina Cheann Rialachais agus Feidhmíochta ag an Roinn Sláinte ó bhí mhí Mheán Fómhair 2015 ann. Thosaigh sé leis an Roinn i ndiaidh dó an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte a stiúradh mar a POF don 13 bliana roimhe sin. Chaith sé roinnt blianta ag obair i gcleachtas príobháideach agus mar bhainisteoir teicniúil sa tionscal cógaisíochta in Éirinn agus sa RA, agus ansin d'oibrigh sé i gcúrsaí sláinte poiblí agus bhí sé ina Stiúrthóir Cosanta Tomhaltóirí in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

D'fhóin an Dr O'Mahony ar líon éagsúil boird ardphróifíle lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, a raibh sé ina Chathaoirleach air ó 2007 go 2011, Bord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an Grúpa Náisiúnta Comhairleach ar Shábháilteacht Othar agus bhí sí ina leas-Chathaoirleach ar Chomhghuaillíocht na nÚdarás Rialála Cógas. D'éirigh an Dr O'Mahony as an mBord in Eanáir 2015.



## An tUasal Raymond O'Rourke

Is abhcóide cáilithe é an tUasal Raymond O'Rourke, agus is dlíodóir speisialaithe um rialáil bhia agus gnóthaí tomhaltóirí é. D'oibrigh sé i gcomhlachtaí dlí ar feadh mórán bliana i mBaile Átha Cliath agus sa Bhruiséil araon agus tá a chleachtas dlí féin aige anois. Ina údar ar European Food Law (3ú hEagrán), tá sé ina chomhalta ar Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bhia; an Chomhairle Bhlais; Coiste Codex na hÉireann; agus tá sé ina chathaoirleach ar Chomhlachas Tomhaltóirí na hÉireann.



## An Dr Susan Quinn

Is léachtóir í an Dr Susan Quinn, MICI, MRSC i Scoil na Ceimice agus an Bitheolaíochta Ceimice, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. Bhain sí amach a céim onóracha B.Sc. (1997); agus Ph.D. (2002) ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus rinne sí staidéar iardhochtúireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ó 2002-2005. D'fhóin an Dr Quinn roimhe seo ar údarás rialaithe agus ar choiste airgeadais an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. I Meán Fómhair 2009, thosaigh sí le Scoil na Ceimice agus na Bitheolaíochta Ceimice agus bhain sí tionacht amach in 2012. Tá a suimeanna taighde sna réimsí maidir le nana-ábhair fheidhmiúla agus ceimic DNA.



## An tOllamh Patrick Wall

Is Ollamh Comhlachaithe ar an tSláinte Phoiblí é an tOllamh Patrick Wall i Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Spóirt, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ba é an chéad Phríomhfheidhmeannach ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) agus ba é an dara Cathaoirleach ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia. Tá sé ina chomhalta ar Choiste Idirnáisiúnta Comhairleach Eolaíoch Ionad Náisiúnta na Síne um Shábháilteacht Bhia agus Riosca Measúnú. Tá sé ina chomhalta de bhord bainistíochta Fhondúireacht Mater agus Agriaware. Fuair sé cáilíocht sa leigheas tréidliachta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus i leigheas daoine i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn. Tá Msc aige i ngalair thógálacha ó Ollscoil Londan agus MBA ó Scoil Ghnó Michael Smurfit agus tá Dioplóma aige sa Rialachas Corparáideach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Claith. Tá sé ina thaidhleoir ar Shláinte Phoiblí Tréidliachta Choláiste na hEorpa, ina Chomhalta de Dhámh na Míochaine Sláinte Poiblí in Éirinn, ina Ánra de Dhámh na Míochaine Sláinte Poiblí sa Ríocht Aontaithe agus ina Chomhalta de Choláiste Ríoga na Máinlianna Tréidliachta. Tá sé ina Chathaoirleach ar bhord bainistíochta na Saotharlann Bainne Neamhspleách agus ar Eachspórt Éireann.

# Comhaltaí Den Choiste Eolaíoch

MAR A BHÍ AN 31 NOLLAIG 2015

## AN COISTE EOLAÍOCH

**An tOllamh Albert Flynn (Cathaoirleach)**
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An tUasal Paula Barry Walsh**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An Dr Colette Bonner**
An Roinn Sláinte

**An tOllamh Martin Cormican**
Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh

**An Dr Geraldine Duffy**
Teagasc

**An tOllamh Peter Jones**
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh (éirithe as)

**An tOllamh Brian McKenna**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath roimhe seo

